

# An Cód Iompair [2021]

## Cuid A ... do na daltaí i nGaelscoil Chill Dara

Bhí ionchur ag *Comhairle na nDaltaí* sa Chód seo agus beidh sé le léamh sa Dialann Scoile acu.

### **Prionsabail – “Bí go deas, taispeáin meas.”**

Is é an bunphrionsabal a leanfaimid uile ná: *meas a léiriú i gcónaí ar gach duine.*  
Ní mór an meas céanna a léiriú i leith gach duine agus a bheith cothrom leo i gcónaí.  
“*Bí lách le cách.*”

Tuigimid go bhfuil gach duine éagsúil óna chéile agus beimid báúil leis na difríochtaí sin sa Ghaelscoil. Céiliúraimid go bhfuilimid éagsúil óna chéile.

Aontaímid má oibríonn pobal na Gaelscoile ar fad le chéile (daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, cúntóirí, srl), go mbeidh gach éinne againn in ann sinn féin a iompar i mbealach atá dearfach do chách, atá tairbhiúil, comhbhách, ordúil agus measúil.

Tuigimid go bhfuil an fhoireann scoile ar fad ann le tacaíocht a thabhairt dos na daltaí, na tuismitheoirí is caomhnóirí agus do gach ball foirne sa Ghaelscoil agus go bhfuil sé mar dhualgas orainn go léir ár ndícheall a dhéanamh le comhoibriú lena chéile.

Bainfimid úsáid as an gCleachtas Aisiríoch nuair is gá le díriú ar aon dochar atá déanta agus le rudaí a chur ina gceart arís.

*“Ní neart go cur le chéile i nGaelscoil Chill Dara.”*

### **Aidhmeanna**

Chun meas a léiriú, teastaíonn uainne go léir i nGaelscoil Chill Dara go mbeidh ár scoil mar áit:

- atá fáilteach do gach éinne (daltaí, baill foirne, tuismitheoirí agus eile),
- ina léiríonn daoine meas ar a chéile i gcónaí,
- inar féidir le gach duine mothú sábháilte i gcónaí,
- ina fheicimid an maitheas i ndaoine agus na buanna éagsúla atá acu,
- ina ndéanann gach duine iarracht a bheith dearfach,
- ina n-éistean daoine linn agus go mbeidh cothrom na Féinne ar fáil do chách,
- inar féidir linn maireachtáil le chéile agus le deis chun caidreamh dearfach, gníomhach a thógáil le daoine eile,
- inar féidir le gach duine foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh, idir óg agus aosta,
- inar féidir linn foghlaim ón ár mbotúin agus deis a bheith againn aon dochar atá déanta a dheisiú agus rudaí a chur ina gceart arís,
- ina labhraíonn daoine an Ghaeilge chomh maith agus is féidir leo le bród.

*Gaeilge ar bharr ár dteangacha.  
Beimid tuisceanach agus cineálta le gach éinne.*

*Déanfaimid ár ndícheall i gcónaí.  
Beimid ciallmhar agus fanfaimid sábháilte chomh fada agus is féidir.*

*Le Muinín, gan Eagla, ar Aghaidh linn go Sásta = MEAS*

## **Treoracha Ranga, Clóis is Scoile**

Ag tús na scoilbhliana is minic a bhíonn plé idir múinteoirí agus a gcuid daltaí chun treoracha ranga a chur le chéile. Bíonn treoracha faoi leith don chlós maidir le línte a dhéanamh, cluichí a imirt, coimeád slán, srl. Chomh maith le sin bíonn treoracha scoile atá le leanúint ag gach éinne ar shuíomh na Gaelscoile féin agus freisin nuair a théann grúpa ar thuras nó chuig imeacht éigin.

1. Sa Seomra Ranga:

- Léireoimid meas ar cheart na ndaltaí eile chun foghlama.
- Déanfaimid ár ndícheall comhoibriú leis an múinteoir agus cuidiú léi/leis.
- Leanfaimid treoracha an mhúinteora i gcónaí.
- Déanfaimid ár ndícheall ó thaobh oibre de ar scoil gach lá.
- Déanfaimid ár gcuid obair bhaile chomh maith agus is féidir linn.

2. Bí go deas, taispeáin meas ar an nGaeilge.

Táimid an-bhródúil gur Gaelscoil í ár scoil agus geallaimid go n-úsáidfimid féin an Ghaeilge atá againn aon uair gur féidir linn sa Ghaelscoil agus ar thuras nó ag imeacht éigin le chéile.

3. Bí go deas, taispeáin meas ar gach duine i gcónaí agus gach a bhaineann leo.

Beimid béasach, úsáidfimid teanga chuí agus aithneoimid spás pearsanta a chéile. Léireoimid meas ar shealúchas pearsanta a chéile.

4. Bí go deas, taispeáin meas ar na ranganna eile atá ar scoil linn.

Siúlfaimid go ciúin timpeall na scoile ar chlé. Beimid béasach agus ní bheimid ag pleidhcíocht sa seomra folctha.

5. Bí go deas, taispeáin meas ar gach rud a bhaineann leis an nGaelscoil.

Coimeádfaimid timpeallacht na Gaelscoile ar fad glan, néata agus saor ó bhruscar. Beimid cúramach le sealúchas na Gaelscoile.

6. Bí go deas, taispeáin meas ar an gCleachtas Aisiríoch.

Bainfimid úsáid as na Ceisteanna Aisiríocha:

- i. Cad a tharla?
- ii. Cad a cheap tú nuair a thug tú faoi deara é sin ag tarlú?
- iii. Cén chaoi a ndeachaigh an eachtra seo i bhfeidhm ort agus ar dhaoine eile?
- iv. Cad é an rud ba dheacra duit?
- v. Cad ba chóir dúinne a dhéanamh anois le rudaí a chur ina gceart?

*“Bí i do shioráf – muineál fada, croí mór, airdeallach.”*

7. Leanfaimid gach treoir ó aon mhúinteoir, istigh sa rang nó lasmuigh sa chlós, nó aon áit eile. *Go háirithe*, má thugann aon mhúinteoir *treoir chinnte aonair* dúinn – [mar

shampla: “seas siar” .. “éirigh as” (iompar éigin) .. “ná déan é sin” .. “lig dó/di” .. “leag síos é” (rud áirithe) .. “seas amach ón líne” .. “suigh síos” .. “tar anseo” .. “téigh chuig an Príomhoide”, srl] – leanfaimid an treoir sin láithreach agus go dea-bhéasach, cúirtéiseach. Tuigimid leis, go dtugann múinteoirí treoir chinnte dúinn amanta chun sinn féin nó duine éigin eile a choimeád slán ó bhaol.

8. Fanfaimid ar thalamh na Gaelscoile agus laistigh d’áiteanna ainmnithe faoi chúram ball foirne i rith am scoile, ach amháin le cead ó mhúinteoir.

9. Fágfaimid fón póca, iPad agus aon ghléas eile mar iad, sa bhaile. Ní thógfaimid linn iad ar thuas scoile ach oiread, thar oíche nó eile. Má thógaimid ar scoil iad, tuigimid go gcaithfidh an Ghaelscoil iad a thógáil uainn ar feadh coicíse. Fágfaimid ár mbréagáin sa bhaile freisin.

### **Bulaíocht agus Iompar Doghlactha eile**

Ní ghlactar le hiompar bulaíochta nó le haon iompar doghlactha eile in ár scoil. Tá sé mar dhualgas orainn go léir *a chur in iúl do dhuine fásta éigin* gan mhoill má fheicimid a leithéid. Déanfaimid uile ár ndícheall a chinntiú go mbeidh Gaelscoil Chill Dara saor ó bhulaíocht a oiread agus is féidir linn.

Tá *Polasaí Frith-Bhulaíochta* ag Gaelscoil Chill Dara chun cuidiú linn go léir.

Má cheapann dalta go bhfuil sé/sí féin faoi bhulaíocht, ba chóir dó/di:

- *Abair “Stop”* leis an duine (na daoine) sin.
- *Imigh leat* go dtí dalta(í) eile nó go dtí ball foirne.
- *Inis* do dhuine fásta.

Úsáidimid cláracha éagsúla chun cuidiú linn go léir atmaisféar dearfach is cineálta a chruthú sa Ghaelscoil.

### **Iompar Dearfach a Threisiú**

Sa seomra ranga, bíonn na teoracha ranga agus nósanna eile ag an múinteoir chun iompar dearfach a threisiú. Molfaidh múinteoirí na daltaí trí roghanna mar iad seo leanas:

- Focal ciúin nó comhartha chun moladh a chur in iúl,
- Nóta a scríobh i gcóipleabhar an dalta, sa Dialann Scoile, ar Aladdin nó ar Class Dojo, le cur in iúl do na tuismitheoirí chomh maith is atá an dalta,
- Cuairt go dtí múinteoir eile nó go dtí an Príomhoide chun moladh a fháil,
- Focal molta os comhair ghrúpa nó ranga,
- Greamán, Ticéad Fiúntais nó Pas Obair Bhaile,
- Cárta don Ghaeilge nó Cárta don Chineáltas,
- Pribhléid speisialta a thabhairt don dalta,
- Lá gan éide scoile, Lá Pitseámaí nó Lá na bPeataí don rang,
- Scannán, Píotsa, Picnic, BBQ nó Turas don rang,
- Dalta nó rang a ainmniú do dhuais ón bPríomhoide nó do Gaeilgeoir na Seachtaine.

Timpeall na scoile uile, freisin, is féidir le foireann na Gaelscoile daltaí a mholadh agus faomhadh a chur in iúl le roghanna mar iad san thuas.

*“Mol an óige agus tiocfaidh sí.”*

### **Nuair nach Leanann Dalta an Cód seo**

Tuigimid go bhfuil gach dalta is gach cás éagsúil. Is féidir leis an scoil roghanna mar seo a ghlacadh:

- Labhairt leis an dalta faoi na treoracha atá sa Chód seo agus a mhíniú dó/di an tábacht a bhaineann leo ar mhaithe le pobal uile na Gaelscoile,
- Na Ceisteanna Aisiríocha a úsáid le plé a dhéanamh leis/léi ar an iompar agus chun iarracht a dhéanamh rudaí a chur ina gceart arís,
- Obair nach bhfuil curtha i gcrích de bharr an drochiompair a chríochnú ar scoil nó sa bhaile,
- Obair bhreise a thabhairt don dalta,
- Am Amuigh a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an iompar – sa rang féin nó le ball foirne i rang eile, nó sa chlós (ag braith ar an áit a bhfuil an fhadhb agus le cinntiú go mbíonn gach éinne sábháilte),
- Pribhléid ranga a chailleadh (Am Órga, san áireamh),
- Labhairt leis na tuismitheoirí faoi iompar an dalta,
- A chur in iúl don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide,
- Plean Iompraíochta Aonair a chur le chéile don dalta i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí agus, b'fhéidir, tacaíocht sa bhreis a chur ar fáil dó/di (ag tógáil aon riachtanas ar leith san áireamh) agus don fhoireann scoile,
- An dalta a chur ar fionraí ón nGaelscoil ar feadh roinnt laethanta.

Uaireanta, nuair a tharlaíonn eachtra (le mí-iompar) déanfaidh an Príomhoide é sin a fhiosrú agus tuigimid go mb'fhéidir go n-iarrfar orainn cuntas a scríobh síos faoin méid a chonaiceamar is a chualamar chun cabhrú leis an bhfiosrú sin agus ar mhaithe linn uile. Freisin, d'fhéadfadh an Príomhoide iarraidh ar an dalta ba chúis leis an eachtra (a luaitear an mí-iompar leis/léi) cuntas a scríobh faoin méid a tharla.

---

---

# **An Cód Iompair [2021]**

## **Cuid B ... Ábhar Breise do na Tuismitheoirí i nGaelscoil Chill Dara**

Bhí inchur ag Tuismitheoirí na Gaelscoile sa Chód seo.

[ The English version of this policy is also available on the website of the Gaelscoil. ]

### **1. Réamhnótaí**

#### 1.1

Tagann an leagan nua seo den pholasaí i bhfeidhm i nGaelscoil Chill Dara [GSCD] le linn na scoilbhliana 2021-2. Tá an polasaí roinnte i gcúig chuid. Tá Cuid A dírithe ar na daltaí féin go príomha agus, chuige sin, tá sé scríofa i gcaint atá sothuigte dóibh a oiread agus is féidir. Sin é an leagan a fheicfidh siad sa Dialann Scoile chomh maith.

#### 1.2

Aon áit a luaitear “tuismitheoirí” sa pholasaí, cuimsíonn an focal sin “caomhnóirí” agus, i gcás eisceachtúil ar leith, aosach éigin eile a bhfuil an páiste faoin a c(h)úram. Freisin, is ionann an iolra agus tuismitheoir amháin nó caomhnóir amháin. Is ionann “dalta” agus “páiste”.

#### 1.3

Aon áit a dhéantar tagairt do “múinteoir” sa pholasaí seo, clúdaíonn sé sin gach aosach atá i bhfeighil na ndaltaí, mar shampla, Cúntóir Riachtanas Speisialta. Is amhlaidh a fheictear iad go léir mar mhúinteoirí ag na daltaí iad féin.

#### 1.4

Aon áit a dhéantar tagairt don “Príomhoide” sa pholasaí seo, glactar leis go bhfuil de chead aici/aige cuid den obair riaracháin a roinnt ar bhaill fóirne eile (Rúnaí na Gaelscoile san áireamh), ach go mbeadh an obair sin i gcónaí faoi stiúir agus faoi fhreagracht an Phríomhoide í/é féin. Má tá an Príomhoide féin as láthair (tinneas, nó

eile), glacfaidh an Leas-Phríomhoide na cúraimí a bhaineann leis an gCód Iompair seo uirthi/air féin.

## **2. Bunphrionsabail**

### 2.1

Tá sé rithábhachtach a thuiscint go bhfuil dualgas cúraim ar Ghaelscoil Chill Dara i leith *gach* ball de phobal uile na Gaelscoile – daltaí, tuismitheoirí agus foireann.

### 2.2

Tá sláinte (meabhairshláinte san áireamh), sábháilteacht agus sláine choirp le linn a gcuid ama sa Ghaelscoil mar bhuncheart ag gach dalta agus gach ball foirne.

### 2.3

Tá an buncheart ag an uile dalta sa Ghaelscoil chun oideachais agus deis fhoghlama chuí a bheith acu i dtimpeallacht atá sábháilte agus réasúnta saor ó chur isteach.

### 2.4

Dá réir sin thuas, déanfaidh gach ball foirne agus an Bord Bainistíochta féin gach is féidir leo chun leas agus cearta an uile dalta agus ball foirne araon a chosaint is a shuíomh.

### 2.5

Nuair a dhéanann tuismitheoirí cinneadh a bpáiste a chlárú i nGaelscoil Chill Dara [GSCD], glacann an Bord Bainistíochta [an Bord] leis go nglacann na tuismitheoirí le gach polasaí ina iomláine de chuid na Gaelscoile seo. Táthar ag súil go mbeidh na tuismitheoirí ag tacú linn chun na polasaithe sin a chur i bhfeidhm ar mhaithe le gach éinne de phobal na Gaelscoile – an *Cód Iompair* seo san áireamh. Tá tacaíocht ghníomhach ár dtuismitheoirí sa ghné seo mar bhunchloch rithábhachtach againn.

### 2.6

Iarrfar ar tuismitheoirí gach dalta foirm chaighdeánach (Féach an t-Agusín anseo thíos) a shíniú ag deimhniú go bhfuil an *Cód Iompair* seo léite go cúramach acu agus go ndéanfaidh siad a ndícheall chun tacú le GSCD chun é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le pobal uile na Gaelscoile.

### 2.7

Bíonn foireann na Gaelscoile ag feidhmiú *in loco parentis* (in áit an tuismitheora) le linn an lá scoile. Chuige sin, díríonn an Bord aire na dtuismitheoirí ar an gcúram agus dualgas atá orthu féin chun Cuid A den pholasaí seo a mhíniú agus a phlé go mion lena bpáiste féin – *Go háirithe, uimhear 7* de na “Treoracha Ranga, Clóis is Scoile” i gCuid A.

## **3. Ról na dTuismitheoirí i nGaelscoil Chill Dara**

### 3.1

Léireofar meas ar na tuismitheoirí agus beidh timpeallacht sábháilte agus fáilteach dá bpáistí sa Ghaelscoil. Glacfar le gach páiste mar dhalta linn agus tabharfar aitheantas do dhifriochtaí idir dhaltaí, de réir na hacmhainní atá ar fáil. Beidh nósanna imeachta

cothroma agus seasmhacha i bhfeidhm sa chaoi a phléann an Ghaelscoil le daltaí agus a dtuismitheoirí. Seolfar tuairiscí chucu i rith na scoilbhliana. Nuair a léiríonn tuismitheoirí meas ar phobal uile na Gaelscoile os comhair a bpáiste féin, foghlaimíonn sé/sí an dea-iompar san uathu dá réir.

### 3.2

Reachtálfar cruinniú ranga i mí Meán Fómhair; cruinniú idir múinteoirí agus tuismitheoirí i Mí Eanáir; tuairisc ag deireadh na scoilbhliana; mar aon le cruinnithe maidir leis an gcontanam tacaíochta, más gá. Tugtar eolas ar pholasaithe agus nósanna imeachta na Gaelscoile ar shuíomh gréasáin na Gaelscoile [ *GaelscoilChillDara.com* ] mar aon le nuacht litreacha, agus tríd an gcóras idirlín Aladdin Connect. Tá *Comhairle na dTuismitheoirí* an-ghníomhach i GSCD a chabhraíonn le tuismitheoirí agus a thugann an-tacaíocht dúinn i rith gach scoilbhliana.

### 3.3

Cuireann an Bord fáilte roimh aiseolas (i scríbhinn) ó thuismitheoirí ar an gCód Iompair seo agus i dtaobh aon mholadh uathu chun é a leasú am éigin amach anseo.

## 4. Conas Cabhrú Linn - Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí

### 4.1

- Ainm bhur bpáiste a chur ar a c(h)uid sealúchas.
- Féachaint chuige go bhfuil na leabhair agus na hábhair chuí aige/aici.
- Féachaint chuige go gcaitheann an páiste an éide scoile cuí.
- Féachaint chuige go bhfuil lón ag an bpáiste.

### 4.2

- Déanamh cinnte go dtugtar bhur bpáiste chun na scoile gach lá in am agus go mbailítear arís é/í in am ag 1.40 nó 2.40 san iarnóin.
- Aon athrú maidir le bailiú bhur bpáiste a chur in iúl don mhúinteoir ranga nó don Rúnaí sa Ghaelscoil roimh ré.
- Cabhrú le bhur bpáiste a c(h)uid obair bhaile a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil sé déanta – an Dialann Scoile a shíniú gach tráthnóna.

### 4.3

- Iarrtar ar thuismitheoirí páirceáil go mall cúramach agus go tuisceaneach i gcarchlós na scoile i gcónaí.
- Iarrtar ar thuismitheoirí a rothaíonn chun na scoile tuirlingt den rothar ag geata na scoile agus siúl isteach leis.
- Iarrtar ar thuismitheoirí talamh na scoile a fhágáil nuair a bhailíonn siad a bpáiste, go háirthe ag 1.40, mar go mbíonn imeachtaí scoile ar siúl do dhaltaí níos sine.

### 4.4

Ní mór:

- gach cumarsáid ón nGaelscoil maidir le bhur bpáiste féin a léamh agus freagra a sheoladh nuair is cuí,
- a chinntiú go bhfuil bhur seoladh baile (*i.e.* an seoladh poist) cruinn ceart againn in Oifig na Gaelscoile i gcónaí – don bheirt tuismitheoirí. Chuige sin, caithefear a

thuiscint go bhfuil dualgas ar leith oraibh má thagann aon athrú ar an seoladh san, nó ar na sonraí teagmhála eile (uimhir fóin nó seoladh ríomhphoist) – caithfear an Ghaelscoil a chur ar an eolas *i scríbhinn* faoi aon athrú gan mhoill.

4.5

Ní mór:

- bualadh isteach chuig Oifig na Gaelscoile ar dtús más gá duit a bheith sa Ghaelscoil ar aon chúis i rith an lá scoile,
- coinne a dhéanamh roimh ré más gá duit labhairt le múinteoir, trí glaoch a chur ar an Oifig, nó ríomhphost a sheoladh chuig an Oifig, nó nóta a scríobh sa Dialann Scoile,
- cúis neamhláithreachta a chur in iúl don Ghaelscoil trí nóta a chur ar an gcóras Aladdin,
- teacht isteach chuig an Ghaelscoil má iarrtar ort/oraibh.

4.6

Táthar ag súil:

- go dtreoróidh sibh bhur bpáiste chun cloí leis an gCód Iompair seo,
- go gcabhróidh sibh le bhur bpáiste dea-iompar a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus dearcadh dearfach a bheith aige/aici ina leith féin, i leith daoine eile, i leith na Gaelscoile agus i leith na Gaeilge,
- go gcuirfidh sibh an Ghaelscoil ar an eolas, go príobháideach, má tá fadhbanna ann atá ag cur isteach ar iompar bhur bpáiste,
- go ndéanfaidh sibh comhoibriú leis na múinteoirí má bhíonn fadhbanna foghlama ag bhur bpáiste,
- go ndéanfaidh sibh comhoibriú leis na múinteoirí má bhíonn iompar bhur bpáiste ag cur isteach ar dhaoine eile,
- go gcabhróidh sibh leis an nGaelscoil an Cleachtas Aisiríoch a chur i bhfeidhm nuair atá san feiliúnach.

## **5. Nuair nach Leanann Dalta an Cód seo**

5.1

Féach ar an méid atá leagtha amach faoin gceannteideal áirithe seo i gCuid A.

### **5.2 Bainistiú Riosca do Ócáidí is Imeachtaí Speisialta**

Mar aon le sin, ní mór a thuiscint go bhféadfadh an dalta cailleadh amach ar an deis le dul ar thurais scoile, go háirithe ceann nuair a bheidís ag fanacht thar oíche (mar shampla: Páirc Tayto, Ráth Chairn, Coláiste Uisce, srl) de bharr mí-iompair thromchúisigh nó leanúnaigh sa Ghaelscoil í féin. Má bhíonn sé soiléir ó mhí-iompar leanúnach uaidh/uaithe go bhféadfadh baol nó riosca a bheith ann dó/di féin nó do chearta daoine eile (daltaí nó múinteoirí, srl) má ligtear dó/di dul, ní cheadóidh GSCD dó/di taisteal leo. Bheadh sé amhlaidh maidir le himeacht éigin speisialta ar láthair na Gaelscoile féin freisin. Ní mar smachtbhanna a ghlacfaí an cinneadh seo ach chun sábháilteacht is sláine choirp é/í féin agus daoine eile a chinntiú, mar aon lena gcearta eile a shuíomh. Fágann an Bord aon chinneadh ina leith san faoin bPríomhoide í/é féin, i gcomhairle leis na múinteoirí iomchuí, agus fúthu siúd *amháin*.



### 5.3

Déanfaidh an Ghaelscoil (Príomhoide nó an múinteoir ranga) teagmháil libh má bhíonn iompar bhur bpáiste ag cruthú faidhbe do dhaoine eile.

### 5.4

Tabharfaidh an Príomhoide cóip den tuairisc(i) a scríobhann aon mhúinteoir(i) do thuismitheoirí an dalta chomh maith.

### 5.5

Freisin, d'fhéadfadh an Príomhoide iarraidh ar an dalta ba chúis leis an eachtra (a luaitear an mí-iompar leis/léi) cuntas a scríobh faoin méid a tharla. Is cuid den Chleachtas Aisiríoch é seo, leis. Tabharfaidh an Príomhoide cóip den leathanach seo do thuismitheoirí an dalta san.

### 5.6

Uaireanta, nuair a tharlaíonn eachtra (le mí-iompar) déanfaidh an Príomhoide é sin a fhiosrú agus, chuige sin, d'fhéadfadh go n-iarrfar ar roinnt daltaí (nach raibh páirteach san eachtra) cuntas a scríobh síos faoin méid a chonaic siad is a chuala siad. Is chun tuiscint níos fearr a sholáthar don Phríomhoide féin ar an méid a tharla a ghlahtar na cuntais seo.

### 5.7

Is é an gnáthchleachtas ag GSCD go gcoimeádfar na cuntais scríofa seo (ó na daltaí san) faoi rún is nach scaoilfear cóip díobh, ach amháin:

(i) do thuismitheoirí an dalta féin a scríobh é, má iarrann siad cóip ón bPríomhoide,  
(ii) do thuismitheoirí dalta eile a luaitear mí-iompar leis/léi sa chuntas, *má* thugann an Príomhoide an cás os comhair an Bhord Bainistíochta *agus* go bhfuil an Príomhoide ag braith ar an méid a bhí scríofa i gcuntas ag dalta éigin nach raibh páirteach san eachtra. Maidir leis an dara ceann díobh seo, glacfaidh an Príomhoide cúram ar leith chun príobháideachas an dalta a scríobh an cuntas a chosaint a oiread agus is féidir agus, chuige sin, d'fhéadfaí téacs an nóta féin a chlósscríobh agus rud éigin mar 'Dalta X' a úsáid in áit ainm an dalta, srl. Freisin, cuirfidh an Príomhoide thuismitheoirí an dalta san ar an eolas go bhfuil sé i gceist aici/aige leagan folaithe a scaoileadh. [Féach Cuid C, mír 8.]

### 5.8

Nuair a scríobhann an Príomhoide féin Tuairisc ar an eachtra ina iomláine (tar éis é a fhiosrú), tabharfaidh sí/sé cóip den Tuairisc do thuismitheoirí an dalta a luaitear an mí-iompar leis/léi.

### 5.9

Amanta, d'fhéadfadh an fhoireann mhúinteoireachta Plean Iompraíochta Aonair a chur le chéile don dalta i gcomhpháirtíocht leis na thuismitheoirí agus, b'fhéidir, tacaíocht sa bhreis a chur ar fáil dó/di agus don fhoireann scoile. Tabharfaidh an Príomhoide cóip den Phlean críochnaithe sin do na thuismitheoirí freisin.

## 6. Ábhar Imní nó Gearán ó Thuismitheoirí faoi Dhalta Eile

### 6.1

Fáilteoidh GSCD roimh aon chomhfhreagras (litir nó ríomhphost) ó thuismitheoirí faoi aon ábhar inní maidir le mí-iompar atá ag cur isteach ar chearta a bpáiste féin, nó aon ghearán den chineál sin uathu. Déanfaidh an Príomhoide an t-ábhar san a fhiosrú agus fillfidh sí/sé ar na thuismitheoirí le haiseolas maidir leis an gceist.

6.2

Ba chóir go gtuigfeadh gach thuismitheoir má scríobhann siad litir (nó ríomhphost, srl) chuig GSCD agus ina ndéanann siad gearán, nó tagairt eile dá leithéid, i leith dalta eile atá ag freastal ar an nGaelscoil, go dtabharfaidh an Príomhoide (thar cheann an Bhoird) cóip den chomhfhreagras san do thuismitheoirí an dalta a dhéantar tagairt dó/di sa doiciméad sin. [Féach Cuid C, mír 5.7, leis.]

6.3

Má luaitear ainm aon dalta breise sa doiciméad sin (páiste na dtuismitheoirí a scríobh an doiciméad san áireamh), déanfaidh an Príomhoide ainm, inscne is rang an dalta sin a fholú sula scaoilfear cóip chuig na thuismitheoirí eile sin, chun an t-eolas pearsanta breise san a chosaint. Fágfar ainm an thuismitheora féin ann (*i.e.* an té a scríobh é). [Féach Cuid C, mír 8.]

6.4

Déanfaidh an Príomhoide aon sonraí teagmhála (seoladh is uimhear fóin, srl) ar an doiciméad a fholú sula scaoilfear cóip chuig na thuismitheoirí eile sin, chun an t-eolas pearsanta breise san a chosaint.

## **7. Fionraí agus Díbirt**

7.1

D'fhéadfadh mí-iompar a bheith mion, tromchúiseach nó oll-tromchúiseach – le smachtbhannaí (pionóis) agus iarmhairtí éagsúla dá réir.

7.2

D'fhéadfadh sé tarlú gur gá dalta a chur ar Fionraí ón nGaelscoil ar feadh roinnt laethanta, mar shampla, de bharr eachtra thromchúiseach amháin nó nuair atá fadhbanna leanúnacha i gceist.

7.3

Tá údaras tugtha ag an mBord don Phríomhoide chun Fionraí Láithreach ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm, leis, nuair is gá. Tá eolas sonrathach agus nósanna imeachta a bhaineann le Fionraí i gCuid C den pholasáí seo.

7.4

D'fhéadfadh sé tarlú leis, i gcás fíor-eisceachtúil tromchúiseach, gur gá dalta a Dhíbirt ón nGaelscoil. Féach Cuid D agus Cuid E den Chód seo, áit a bhfuil eolas sonrathach faoi seo. I gcás ionsaí ar dhalta nó ball foirne GSCD, nó foréigean eile, is mí-iompar tromchúiseach iad siúd agus d'fhéadfadh go mbeadh Díbirt ón nGaelscoil i gceist dá bharr. D'fhéadfadh Díbirt a bheith i gceist freisin i dtaobh aon mhí-iompar fíor-thromchúiseach eile nó i dtaobh aon mhí-iompar tromchúiseach atá leanúnach.

7.5

Tarlaíonn eachtra thromchúiseach, go fíor-annamh, a mbíonn dualgas dlíthiúil ar an bPríomhoide ina leith tuairisc fhoirmeálta a dhéanamh faoi chuig Tusla agus/nó An Garda Síochána.

## **8. Gearán nó Líomhain gan Bhunús chuig Tusla nó An Garda Síochána i leith Ball Fóirne**

Sa chás go ndéanann *tuismitheoir* gearán nó líomhain gan bhunús, nó míchuibhiúil, i leith ball foirne i nGaelscoil Chill Dara chuig Tusla nó An Garda Síochána, glacfaidh an Bord Bainistíochta leis gur gníomh fíor-thromchúiseach é sin. Bheadh *iarmhairtí fíor-thromchúiseacha* ag baint le gníomh dá leithéid. Sa chás go gcinneann an Bord gan glacadh le páiste dá c(h)uid mar dhalta sa Gaelscoil feasta, ní Díbirt (i leith an dalta) ach cinneadh i leith an tuismitheora a bheadh á chur i bhfeidhm ag an mBord.

## **9. Teagmháil Fhisiceach**

9.1

Cé go seachnaíonn múinteoirí teagmháil fhisiceach mar ghnáth-chleachtas ina gcuid oibre sa Gaelscoil, ba chóir go dtuigfeadh tuismitheoirí (agus a bpáiste) go dtarlaíonn méid áirithe teagmhála fhisicigh mar chuid den saol scoile, mar shampla: ag glacadh féinín .. ‘High 5’ mar cheiliúradh beag neamhfhoirmeálta le linn imeachta éigin spóirt .. ag múineadh scileanna spóirt .. rólímirt le linn ceacht drámaíochta .. tar éis timpiste bheag, chun sólás a thabhairt dó/di .. ag bainistiú an líne i gclós na scoile .. más gá dalta a chiúnú .. ag gníomhú chun ócáid de iompar dushlánach (atá ag cothú baoil nó riosca) a bhainistiú, srl.

9.2

Gníomhaíonn múinteoir amanta chun dalta a threorú nó chun é/í nó duine éigin eile a choimeád slán ó bhaol – ag comhlíonadh an dualgais atá curtha orthu ag an mBord ina leith.

9.3

Freisin, gníomhaíonn múinteoir amanta má dhiúltaíonn dalta *treoir chinnte aonair* a thugtar dó/di a leanúint mar ba cheart don dalta. [ Féach Cuid A, “Treoracha Ranga, Clóis is Scoile” – uimhear 7.]

---

An Cód Iompair [2021]

## **Aguisín**

Baineann sé seo le Cuid B, mír 2, den Chód seo.

---

Cuid B

1.2

Aon áit a luaitear “tuismitheoirí” sa pholasáí, cuimsíonn an focal sin “caomhnóirí” agus, i gcás eisceachtúil ar leith, aosach éigin eile a bhfuil an páiste faoin a c(h)úram.

2.5

Nuair a dhéanann tuismitheoirí cinneadh a bpáiste a chlárú i nGaelscoil Chill Dara [GSCD], glacann an Bord Bainistíochta [an Bord] leis go nglacann na tuismitheoirí le gach polasaí ina iomláine de chuid na Gaelscoile seo. Táthar ag súil go mbeidh na tuismitheoirí ag tacú linn chun na polasaithe sin a chur i bhfeidhm ar mhaithe le gach éinne de phobal na Gaelscoile – an *Cód Iompair* seo san áireamh. Tá tacaíocht ghníomhach ár dtuismitheoirí sa ghné seo mar bhunchloch ríthábhachtach againn.

2.6

Iarrfar ar thuismitheoirí gach dalta foirm chaighdeánach (Féach an t-Agusín thíos) a shíniú ag deimhniú go bhfuil an *Cód Iompair* seo léite go cúramach acu agus go ndéanfaidh siad a ndícheall chun tacú le GSCD chun é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le pobal uile na Gaelscoile.

2.7

Bíonn foireann na Gaelscoile ag feidhmiú *in loco parentis* (in áit an tuismitheora) le linn an lá scoile. Chuige sin, díríonn an Bord aire na dtuismitheoirí ar an gcúram agus dualgas atá orthu féin chun Cuid A den pholasáí seo a mhíniú agus a phlé go mion lena bpáiste féin – *Go háirithe, uimhear 7* de na “Treoracha Ranga, Clóis is Scoile” i gCuid A.

---

Deimhním / Deimhnímid go bhfuil an polasaí áirithe seo, *An Cód Iompair [2021]*, léite go cúramach agam / againn ina iomláine agus síním / sínímid an t-Agusín seo mar dhearbhu go dtabharfaidh mé / dtabharfaimid lán-tacaíocht don Ghaelscoil chun an Cód seo a chur i bhfeidhm ina iomláine.

**Nóta:** Iarrann an Bord Bainistíochta go síneodh *an bheirt* tuismitheoirí (más beirt acu atá ann), más féidir in aon chor é, an t-Agusín seo.

Ainm an Pháiste: \_\_\_\_\_

---

Síniú (x 2)

Dáta: \_\_\_\_\_

## **Cuid C ... Nósanna Imeachta maidir le Fionraí i GSCD**

### **1. Fionraí mar Chuid de Phlean chun Dul i nGleic le Mí-iompar an Dalta**

1.1

Aithníonn an Bord Bainistíochta (an Bord) gur chéim shuntasach í nuair a chuirtear dalta ar Fionraí ó scoil, fiú más aon lá amháin atá i gceist, agus ní dhéanfaidh GSCD é gan chúis mhaith.

## 1.2

Úsáideann GSCD Fionraí chun:

- cuidiú le dalta a fhoghlaim go bhfuil a (h)iompar do-ghlactha,
- cuidiú le dalta an tionchar a bhíonn ag a c(h)uid gníomhartha agus a (h)iompar ar dhaoine eile a aithint,
- tromchúis an mhí-iompair a chur ina luí ar an dalta agus ar a t(h)uismitheoirí,
- cuidiú le dalta (i ndóigheanna cuí de réir aoise agus forbartha) a thuiscint go bhfuil roghanna aige/aici faoina (h)iompar féin agus go mbíonn iarmhairtí ag gabháil le gach rogha,
- cuidiú le dalta foghlaim a bheith freagrach as a (h)iompar féin,
- teorainn a threisiú mar atá leagtha amach sa Chód Iompair,
- deis a thabhairt d'fhoireann GSCD idirghabháil eile a phleanáil,
- cuidiú spriocanna iompair a chur ar bun leis an dalta agus lena t(h)uismitheoirí,
- fógairt do na daltaí eile (mar aon lena dtuismitheoirí) agus d'fhoireann na Gaelscoile go bhfuil a leas siúd á chosaint,
- cur isteach tromchúiseach ar theagasc agus ar fhoghlaim a sheachaint,
- an dalta féin, nó daltaí eile nó aosaigh, a choinneáil slán ó bhaol nó riosca,
- chun leas agus cearta an uile dalta agus ball foirne araon a chosaint agus a shuíomh.

## 1.3

D'fhéadfadh mí-iompar a bheith mion, tromchúiseach nó oll-tromchúiseach – le smachtbhannaí (pionóis) agus iarmhairtí éagsúla dá réir. Maidir le Fionraí, agus tréimhse na Fionraí, ní mór é a bheith ina fhreagra comhréireach ar mhí-iompar an dalta.

## 1.4

Is gá mí-iompar tromchúiseach a bheith ann sula gcuirtear dalta ar Fionraí, ar nós:

- Cuireann mí-iompar an dalta isteach go suntasach ar oideachas dalta(i) eile,
- Bhí drochthionchar ag mí-iompar an dalta ar mheabhairshláinte dhalta eile,
- Dochar do bhall éigin de phobal na Gaelscoile trí ghníomhaíocht ar an idirlíon,
- Is baol nó riosca sábháilteachta an dalta dó/di féin nó do dhuine éigin eile,
- Tá an dalta freagrach as damáiste do shealúchas duine eile,
- Dhiúltaigh an dalta *treoir chinnte aonair* a thug múinteoir dó/di a leanúint. [Féach Cuid A, “Treoracha Ranga, Clóis is Scoile”, uimhear 7.]

## 1.5

D'fhéadfaí dalta a chur ar Fionraí tar éis eachtra amháin mí-iompair thromchúisí nó tar éis sraith fadhbanna leanúnacha a bheith i gceist.

## 1.6

Sa chás gur fadhbanna leanúnacha atá i gceist le dalta, ní chuirfear é/í ar Fionraí go dtí go mbaintear triail as idirghabháil nó straitéis eile (Plean Iompraíochta Aonair san áireamh), agus go bhfuil athbhreithniú déanta ag foireann na Gaelscoile ar na cúiseanna nár oibrigh na hiarrachtaí sin.

## 2. Údarás an Phríomhoide maidir le Dalta a chur ar Fionraí

### 2.1

Tarmligeann an Bord Bainistíochta an t-údarás don Phríomhoide chun dalta a chur ar Fionraí, thar cheann an Bhoird, ach é sin a dhéanamh taobh istigh de forálacha, nósanna imeachta agus na teorainneacha atá leagtha amach sa Chód Iompair seo.

### 2.2

Tá forálacha sonracha leagtha amach ag an mBord sa Chód Iompair seo ionas go mbeidh an Príomhoide cuntasach don Bhord ó thaobh a (h)úsáide ar an údarás sin agus ní foláir di/dó an dualgas san a chomhlíonadh ina iomláine i ngach cás.

### 2.3

Ní foláir don Phríomhoide Tuairisc scríofa a scaipeadh ar bhaill an Bhoird i leith gach ócáid a chuireann sí/sé dalta ar Fionraí. Tabharfaidh an Príomhoide, freisin, cóip den Tuairisc sin do thuismitheoirí an dalta in am trátha roimh chruinniú an Bhoird.

## 3. Cineálacha Fionraí

Gnáth-Fhionraí – Mar a dhéantar tagairt di i mír 1 thuas.

Fionraí Láithreach – Nuair a cheapann an Príomhoide gur gá dalta a chur ar Fionraí go díreach ar an lá céanna ar mhaithe le sábháilteacht an dalta féin, nó chun sábháilteacht dalta(i) eile, foireann na Gaelscoile nó daoine eile a chinntiú.

## 4. Tréimhse na Fionraí

### 4.1

Is é an gnáth-thréimhse Fhionraí, i GSCD, ná aon lá amháin. Níor chóir dalta a chur ar Fionraí ar feadh níos mó ná lá amháin ach i gcás eisceachtúil, nó tromchúiseach, nuair a cheapann an Príomhoide gur gá tréimhse níos faide ná seo chun cuspóir faoi leith a bhaint amach.

### 4.2

Sa chás go bhfuil fadhbanna leanúnacha i gceist le dalta agus go bhfuil tréimhse Fhionraí caite aige/aici cheana, d'fhéadfadh an Príomhoide tréimhse níos faide a chur i bhfeidhm i leith ócáide nua. Ceadáíonn an Bord don Phríomhoide *suas le trí lá scoile* as a chéile Fionraí a chur i bhfeidhm i leith ócáide amháin ar bith.

### 4.3

In aon chás tromchúiseach nó oll-tromchúiseach (mar a fheictear don Phríomhoide é) agus go bhfuil an Príomhoide ag iarraidh an cás a chur faoi bhráid an Bhoird faoi phráinn ag Cruinniú Éigeandála, ceadáíonn an Bord don Phríomhoide Fionraí Láithreach a chur i bhfeidhm, le trí lá *mar thús-tréimhse*. I gcúinsí mar sin, *ní foláir* don Phríomhoide dul i dteagmháil gan rómhoill le Cathaoirleach an Bhoird chun í/é a chur ar an eolas faoin gcás agus cead a lorg, má tá gá cinnte le cur leis an tús-tréimhse Fhionraí, chun tréimhse níos faide a chur i bhfeidhm. Ní mar smachtbhanna a dhéanfar

é seo ach chun deis a thabhairt do GSCD baill an Bhoird a eagrú do Chruinniú Éigeandála.

#### 4.4

Freisin, d'fhéadfadh *an Bord féin*, ag cruinniú, tréimhse i bhfad níos faide a chur i bhfeidhm (san idirlinn) nuair a d'fhéadfadh gur Díbirt nó tréimhse fhada Fhionraí a bheadh i gceist agus go bhfuiltear ag iarraidh deis chuí a thabhairt do na tuismitheoirí chun ullmhú roimh an gcrúinniú ina leith. D'fhéadfadh sé tarlú leis go mbeadh comhairle dlí á lorg (ar aon taobh) – rud a chuirfeadh moill breise ar an bpróiseas agus go leanfadh an Fhionraí i bhfeidhm san idirlinn.

### **5. Nósanna Imeachta i leith Gnáth-Fhionraí – Bunaithe ar Ghnáthaimh Chóra agus ar Phrionsabail an Cheartais Aiceanta**

#### 5.1

- Inseoidh an Príomhoide (nó múinteoir eile) don dalta féin faoin ngearán / mí-iompar agus na céimeanna atá le glacadh anois.
- Inseoidh an Príomhoide do na tuismitheoirí faoin ngearán / mí-iompar, faoin bhfiosrú atá ar bun, agus go mb'fhéidir go mbeidh Fionraí mar thoradh air. Déanfar an méid seo ar an bhfón go luath, más féidir teagmháil leo.
- Seolfaidh an Príomhoide ríomhphost chuig na tuismitheoirí gan mhoill ag míniú an méid sin arís agus a thabhachtaí is a ghlacann an Ghaelscoil leis an mí-iompar atá curtha i leith an pháiste. D'fhéadfaí aird na dtuismitheoirí a dhíriú ar an gCód Iompair seo agus conas teacht air ar shuíomh gréasáin GSCD.

#### 5.2

Seolfaidh an Príomhoide céad litir (sa phost) chuig na tuismitheoirí a luaithe agus is féidir leis an eolas seo (ach féach freisin mír 8 thíos maidir le RGCS):

- sonraí faoin mí-iompar atá i gceist,
- go bhfuil sí/sé i mbun fiosraithe faoi,
- go mb'fhéidir go mbeidh Fionraí mar thoradh air,
- go mbeidh litir eile chucu gan rómhoill le tuilleadh eolais faoin mí-iompar féin,
- go dtabharfar cóip dóibh d'aon chuntas a scríobhann múinteoir(i) faoin eachtra,
- go dtabharfar cóip dóibh d'aon chomhfhreagras a fhaightear ó aon tuismitheoir eile,
- go dtabharfar cóip dóibh d'aon nótaí (sa bhfiosrú) a scríobhann an Príomhoide,
- go bhfáilteofar roimh aon eolas ar mian leo a sholáthar ag an bpointe seo,
- go mbeidh réamhthuirisc á scríobh ag an bPríomhoide faoin eachtra agus go dtabharfar cóip dóibh gan rómhoill,
- go mbeidh deis acu freagra a thabhairt tar éis dóibh an réamhthuirisc a fháil,
- go mbeidh an Príomhoide ag eagrú cruinniú leo sa Ghaelscoil chun an cás a phlé,
- nach ndéanfar aon chinneadh go dtí go mbeidh na deiseanna san glactha acu,
- nach gcuirfear aon smachtbhanna (pionós) i bhfeidhm roimhe sin,
- tagairt don Chód Iompair seo a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gaelscoile.

#### 5.3

Má tharlaíonn le linn a c(h)uid fiosraithe go dtagann an Príomhoide den tuairim go bhféadfadh Díbirt a bheith mar thoradh air, ní foláir di/dó na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi sin go luath, i scríbhinn. [Féach Cuid D, mír 3.5.]

5.4

Tá ionadaí ón bhfoireann múinteoirí ar an mBord agus, dá réir sin, níor chóir di/dó a bheith gníomhach sa bhfiosrú féin, seachas a ról teoranta mar dhuine a scríobhann cuntas ar an méid a chonaic is a chuala sí/sé. [Féach Cuid E, mír 5.3.]

5.5

Tosaíonn an fiosrú amach le toimhde na neamhchiontacht maidir leis an dalta áirithe a luaitear an mí-iompar ina leith.

5.6

Tarlaíonn, amanta, go n-iarrann an Príomhoide ar an dalta féin (a luaitear an mí-iompar ina leith) agus ar dhaltaí eile a bhí ann le linn an eachtra, cuntas a scríobh faoi – mar chuid den fhiosrú. [Féach Cuid B, mír 5, faoin ngné seo.]

5.7

Tarlaíonn, go heisceachtúil, go scríobhann tuismitheoirí eile chuig an Príomhoide / An Bord, le cur in iúl cé chomh buartha is atá siad faoin drochthionchar atá ag an mí-iompar ar a bpáiste féin (Féach Cuid B, mír 6). Tabharfar aon chomhfhreagras dá leithéid san áireamh san fhiosrú.

5.8

Seolfaidh an Príomhoide litir sa phost chuig na tuismitheoirí agus iniata léi cuirfear cóipeanna de na taifid chuí, as na cinn a luaitear thuas, mar aon le Clár (liosta) des na doiciméid áirithe sin. [Ach, féach freisin míreanna 8.5 & 8.6 thíos.]

5.9

Má theastaíonn ó na tuismitheoirí freagra a thabhairt i scríbhinn, fáilteoidh an Príomhoide roimhe. Ar ndóigh, is féidir leo breis a chur leis an bhfreagra san ó bhéal le linn an chruinnithe idir iad féin agus an Príomhoide níos déanaí.

5.10

Is é an gnáth-chleachtas ag GSCD go n-eagróidh an Príomhoide cruinniú sa Ghaelscoil, gan rómhoill, leis na tuismitheoirí (agus an dalta féin i láthair freisin – más mian leis na tuismitheoirí é sin agus má tá sé oiriúnach) nuair atá dul chun cinn déanta leis an bhfiosrú. Is cuid den fhiosrú féin é an cruinniú agus tugann sé deis dóibh:

- a dtaobh féin den scéal a thabhairt,
- na fíricí / sonraí a phlé is a cheistiú,
- ceisteanna a chur faoin bhfianaise go léir atá ann (sna doiciméid),
- fáth an mhí-iompair a phlé,
- an tslí is fearr chun déileáil leis a phlé,
- na spriocanna a luaitear i mír 1.2 thuas a phlé,
- cás a dhéanamh ar son smachtbhanna (pionós) níos lú a chur i bhfeidhm,  
[Fáilteofar roimh aon mholtaí faoi seo ó na tuismitheoirí.]
- aon choinníollacha a phlé maidir le filladh an dalta ar an nGaelscoil.

5.11



Scríobhfaidh an Príomhoide (nó ball foirne eile) nóta faoin gcrúinniú san agus seolfaidh sí/sé cóip chuig na tuismitheoirí gan mhoill tar éis an chruinnithe.

5.12

Muna bhfreastalaíonn na tuismitheoirí ar an gcrúinniú, is féidir leis an bPríomhoide bogadh ar aghaidh le cinneadh a dhéanamh ar an gcás (maidir le tréimhse Fhionraí a chur i bhfeidhm, nó smachtbhanna eile, nó a mhalairt). Ach, má chuireann na tuismitheoirí in iúl don Phríomhoide roimh ré (litir nó ríomhphost) go bhfuil deacracht éigin réasúnta acu, d'fhéadfadh sí/sé coinne éigin eile a thairiscint dóibh.

## **6. Ag Cur Gnáth-Fhionraí i bhFeidhm**

6.1

Go luath tar éis an chruinnithe, scríobhfaidh an Príomhoide chuig na tuismitheoirí faoin gcinneadh atá déanta aici/aige maidir leis an dalta a chur ar Fionraí nó nach ea. Sa chás gur Fionraí atá i gceist, soiléireoidh an litir:

- gurb é a c(h)inneadh ná tréimse Fhionraí a chur i bhfeidhm,
- an tréimhse Fhionraí (lá amháin, nó eile) atá i gceist,
- an lá agus dáta / laethanta agus dataí a bheidh i gceist,
- cúis(eanna) na Fionraí (an bunús leis an gcinneadh ina leith),
- na socruithe maidir leis an dalta ag filleadh ar an nGaelscoil,
- aon chlár oibre atá le déanamh ag an dalta sa bhaile,
- go bhfuil an ceart acu Achomharc a lorg ón mBord Bainistíochta agus eolas sonrach ag míniú dóibh conas tabhairt faoi sin mar aon le teora ama chuige,
- nach gcuirfean an Fhionraí i bhfeidhm (go fóill) má tá Achomharc á éileamh acu,
- go mb'fhéidir, i gcás eisceachtúil, go n-iarrfadh an Bord orthu an t-Aguisín le Cuid B a shíniú arís (a dtacaíocht maidir leis an gCód Iompair).

6.2

Ní foláir don Phríomhoide Tuairisc (foirmeálta), i mBéarla nó i nGaeilge, a scríobh don Bhord Bainistíochta i leith gach cás ina gcuirtear dalta ar Fionraí. Seolfaidh sí/sé cóip di sa phost chuig na tuismitheoirí a luaithe agus is féidir. Beidh an Tuairisc sin faoi bhráid an chéad chruinniú eile den Bhord, fiú muna bhfuil Achomharc i gceist. Soiléireoidh an Príomhoide na fíricí a bhfuil cinneadh déanta aici/aige ina leith maidir leis an eachtra, is é sin: cé acu atá fíor, nó nach ea, ina t(h)uairim féin tar éis an fhiosraithe. Díreoidh sí/sé aird ar na fíricí áirithe a raibh díospóid ann ina leith agus míneoidh sí/sé conas a réitigh sí/sé ar leagan amháin acu a ghlacadh mar an fhírinne.

6.3

Más mian le tuismitheoirí Achomharc a lorg i leith cinneadh an Phríomhoide chun a bpáiste a chur ar Fionraí (tréimhse nach bhfuil níos faide ná trí lá), tig leo an próiseas sin a thosú le litir á éileamh sin a sheoladh chuig: “Rúnaí an Bhord Bainistíochta, Gaelscoil Chill Dara”, gan aon am a chur amú. Ní thiocfaidh an Fhionraí i bhfeidhm ag an bpointe sin agus fágfar faoin mBord féin chun cinneadh a dhéanamh ina leith ag crúinniú a reachtálfar chuige sin. [Féach Cuid E.]

6.4

Má tá tréimhse Fhionraí níos faide ná trí lá á moladh ag an bPríomhoide ina T(h)uairisc, ní foláir don Bhord féin cinneadh a dhéanamh ar an gceist sin ag cruinniú den Bhord. [Féach Cuid E.]

## 7. Taifid agus Tuairiscí

### 7.1

Nuair atá taifead nó tuairisc á scríobh ag an bPríomhoide nó múinteoir eile faoi eachtra, is fearr mar chleachtas:

- go scríobhtar é a luaithe agus is réasúnta tar éis na heachtra,
- go gcuirtear teideal soiléir (a mhíníonn cad atá ann) ag barr an doiciméid,
- imeall a fhágáil mórthimpeall an leathanaigh,
- gan scríobh ar an taobh tuathail den leathanach,
- má tá sé lámhscríofa, go bhfuil sé sin néata agus soléite,
- go luaitear ainm an dalta ina (h)iomláine a luaitear an mí-iompar leis/léi, agus amhlaidh má luaitear ainmneacha a t(h)uismitheoirí freisin,
- go luaitear ainm aon mhúinteora / fhostaí sa Ghaelscoil ina (h)iomláine,
- *ach* go n-úsáidtear *cinnlitreacha* i leith ainm *aon dalta nó tuismitheoir eile* a luaitear sa doiciméad, mar shampla, SM (Seán Ó Murchú nó Síle Ní Mhurchú) ... (I gcás mar seo, ní mór don Phríomhoide taifead breise a choimeád aici/aige féin le liosta des na hainmneacha a théann leis na cinnlitreacha san.),
- go mbreachtar síos go cruinn beacht (idir lúbíní) aon chaint dhíreach ón eachtra a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi,
- *go sínítear an doiciméad*, mar aon leis an lá agus an dáta (agus b'fhéidir an t-am a scríobhadh an taifead féin) a chur leis.

### 7.2

Nuair atá doiciméad (taifead, nó eile) á scríobh sa Ghaelscoil, tabharfar san áireamh go mb'fhéidir go mbeidh cóip de á sholáthar do thuismitheoirí agus, dá réir sin, d'fhéadfaí an taifead a scríobh i mBéarla nó i nGaeilge. Pé scéal é, nuair a sholáthraíonn an Príomhoide doiciméad, atá scríofa i nGaeilge, dos na tuismitheoirí, ní foláir di/dó leagan atá aistrithe go Béarla a sholáthar freisin.

### 7.3

Nuair a fhaightear litir sa phost, moltar don Phríomhoide an lá agus an dáta (ar a bhfaightear sa Ghaelscoil í) a bhreacadh ar an litir féin.

### 7.4

Coimeádfaidh an Príomhoide comhad le cóipeanna des na doiciméid go léir a bhaineann leis an gcás, iad seo san áireamh:

- cuntais scríofa ag éinne (daltaí, múinteoirí nó eile),
- na litreacha is na ríomhphoist go léir,
- litreacha nó ríomhphoist ó Thuismitheoirí eile (ar son a bpáiste féin),
- nótaí scríofa ag éinne,
- na nótaí maidir leis an bhfiosrú a rinne an Príomhoide,
- an réamhthuairisc a scríobh an Príomhoide faoin eachtra,
- an nóta faoin gcruinniú leis na tuismitheoirí a scríobh an Príomhoide,
- an Tuairisc a scríobh an Príomhoide don Bhord (i gcás Fionraí).

7.5

Coimeádfaidh an Príomhoide Clár (liosta) des na doiciméid uile suas chun dáta – iad á liostáil in ord croineolach agus leis na sonraí cuí seo maidir le gach ceann acu: dáta, teideal & údar. Má tá aon fhótachóip pháirtfholaithé ann leis (Féach mír 8 anseo thíos), déanfar é sin a aithint freisin, anseo.

## 8. RGCS – Folú Sonraí Pearsanta

8.1

Tá dualgas ar GSCD féachaint chuige go leantar na prionsabail a bhaineann leis *An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)* nuair atá doiciméad á roinnt ag an nGaelscoil le tuismitheoirí, a bhfuil eolas ann a bhaineann le duine éigin eile (mar aon lena bpáiste féin).

8.2

Maidir le gach doiciméad a sholáthraíonn GSCD do tuismitheoirí, ní foláir don Phríomhoide céimeanna a ghlacadh ar dtús chun príobháideachas daoine ar leith, a luaitear freisin sa doiciméad, a chosaint. Féach, mar shampla, Cuid B, míreanna 5.6 & 5.7 agus míreanna 6.3 & 6.4.

- Déanfar amhlaidh maidir le gach taifead eile a scríobhadh sa Ghaelscoil (Féach mír 7 thuas).
- Ní mór ainm, inscne is rang aon dalta *eile* agus ainm aon tuismitheora *eile* a luaitear ina (h)iomláine ann a fholú. I gcás go bhfuil cinnlitreacha in úsáid sa doiciméad (i leith ainm dalta), d'fhéadfaí na cinnlitreacha san a fhágáil ann nó rud mar 'Dalta X' a chur isteach ina áit, ag braith ar na cúinsí áirithe atá i gceist.
- Déanfaidh an Príomhoide aon sonraí teagmhála pearsanta (seoladh is uimhear fóin) a fholú ar an doiciméad.
- Glactar na céimeanna seo chun an t-eolas pearsanta breise a chosaint, le forálacha *RGCS* a chomhlíonadh.
- Ba chóir di/dó a s(h)íniú agus an dáta (ar a dhéantar an folú féin) a bhreacadh ar gach doiciméad, ceann ar cheann..
- Is *cóip pháirtfholaithé* a bheidh á soláthar ag an nGaelscoil dos na tuismitheoirí.

8.3

Coimeádfaidh an Príomhoide fótachóip (breise) de gach doiciméad páirtfholaithé leis na doiciméid eile ar fad sa chomhad a bhaineann leis an dalta i GSCD, mar thaifead don Ghaelscoil ar an méid a tugadh dos na tuismitheoirí.

8.4

Tá an méid sin thuas tugtha mar threoir ag an mBord don Phríomhoide. I gcás ar bith, ámh, tig léi/leis comhairle a lorg ón gCathaoirleach maidir le gné ar bith den tasc thuasluaite. Fresin, d'fhéadfaí gné ar bith a chur faoi bhráid an Bhoird féin chun é a mheas agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

8.5

*Tá sé rithábhachtach* go dtuigfeadh tuismitheoirí, nuair a sholáthraíonn GSCD doiciméid den chineál thuas dóibh, go bhfuil dualgas ar leith orthu a chinntiú go

gcoimeádfar iad, agus an t-eolas iontu, faoi rún. Ní mór dóibh, agus don Bhord, príobháideachas gach duine a luaitear iontu a chosaint agus a gcearta a shuíomh. Níl de chead ag na tuismitheoirí aon úsáid a bhaint as na doiciméid seachas nuair atá siad ag déileáil go díreach le GSCD maidir lena bpáiste féin. *Bheadh iarmhairtí fíor-thromchúiseacha ag baint le faillí ar bith dá leithéid.*

8.6

Nuair atá an Príomhoide ag soláthar doiciméad dos na tuismitheoirí, ba chóir di/dó aird na dtuismitheoirí a dhírú ar mhír 8.5 anseo agus an dualgas tromchúiseach a leagtar orthu maidir le rúndacht ina leith siúd.

## **9. Nósanna Imeachta i leith Fionraí Láithreach**

9.1

Má cheapann an Príomhoide in aon chás le mí-iompar atá tromchúiseach nó oll-tromchúiseach (mar a fheictear di/dó é), gur ghá dalta a chur ar Fionraí go díreach ar an lá céanna ar mhaithe le sábháilteacht an dalta féin, nó chun sábháilteacht dalta(i) eile, foireann na Gaelscoile nó daoine eile a chinntiú, cuirfidh sí/sé Fionraí Láithreach i bhfeidhm.

9.2

Má cheapann an Príomhoide in aon chás buanseasmhach (faoin a raibh Fionraí curtha i bhfeidhm cheana féin) gur chóir Díbirt a bhreithniú ina leith anois, tig léi/leis Fionraí Láithreach a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh Cruinniú Speisialta den Bhord ann faoin gcás. [Féach mír 4.3 thuas.]

9.3

Is beag seans a bheidh ag an bPríomhoide níos mó ná réamhfiosrú gairid a dhéanamh sula gcinneann sí/sé gur gá Fionraí Láithreach a chur i bhfeidhm. Freisin, is beag seans a bheidh ag múinteoir(i) cuntas a chur i scríbhinn go dtí am níos déanaí sa lá scoile. Leanfaidh an Príomhoide leis an bhfiosrú tar éis di/dó an dalta a chur abhaile lena t(h)uismitheoirí.

9.4

Cloífear, a oiread agus is féidir, agus atá réasúnta i leith Fionraí Láithreach, leis na forálacha a bhaineann le Gnáth-Fhionraí (thuas).

9.5

Cuirfidh an Príomhoide glao teileafóin ar thuismitheoirí an dalta a luaithe agus is féidir chun iad a chur ar an eolas faoin eachtra agus an Fhionraí Láithreach. Ar ndóigh, ní bheidh ar chumas an Phríomhoide níos mó ná creatlach an scéil a roinnt leo ag an bpointe luath seo, ach míneoidh sí/sé dóibh go bhfuil fiosrú tosaithe agus go mbeidh sí/sé i dteagmháil leo arís go luath le breis eolais faoin eachtra. Caithfear socrúithe a dhéanamh leo chun an dalta a bhailiú gan rómhoill ón nGaelscoil. Ní chuirfear an dalta féin abhaile, i gcás ar bith – ní mór do na tuismitheoirí socrú cinnte a dhéanamh leis an bPríomhoide i dtaobh é/í a bhailiú ag Oifig na Gaelscoile.

9.6

Cuirfidh an Príomhoide ríomhphost chuig na tuismitheoirí a luaithe agus is féidir an lá céanna:

- le breis eolais agus sonraí faoin eachtra agus an Fhionraí Láithreach,
- le rá leo go bhfuil fiosrú iomlán ar siúl aici/aige faoi láthair agus go mbeidh sí/sé ag fillleadh ar na tuismitheoirí arís go luath ina thaobh (Féach mír 5 thuas),
- le rá leo go mbeidh sí/sé ag soláthar na taifid chuí uile dóibh níos déanaí,
- le rá leo, má tá san i gceist, go bhféadfadh Díbirt a bheith mar thoradh ar deireadh thiar thall agus go mb'fhéidir nach Fionraí amháin a bheadh i gceist (maidir le heachtra tromchúiseach nó oll-tromchúiseach atá tar éis tarlú), (Féach Cuid D),
- le rá leo faoin *tús-tréimhse Fhionraí* atá i gceist ag an gcéad phoinnte seo, ach go mb'fhéidir go gcuirfear le sin má tá am ag teastáil chun Cruinniú Éigeandála den Bhord a eagrú chun an cás a mheas (Féach mír 4.3 thuas, leis),
- chun aird a dhíriú ar an gCód Iompair seo agus é a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gaelscoile,
- le rá leo nach bhfuil aon cheart ar Achomharc (faoin bhFionraí Láithreach *féin*) roimh an gCruinniú Éigeandála den Bhord, ach go mbeidh Achomharc ar fáil dóibh maidir leis an gcinneadh a dhéanfaidh an Bord faoin gcás iomlán ag an deireadh.

9.7

Déanfaidh an Príomhoide (ag feidhmiú anois mar Runaí an Bhoird) nó an Cathaoirleach teagmháil le baill uile an Bhoird gan mhoill. Is leor a rá leo, go ginearálta, go bhfuil Cruinniú Éigeandála den Bhord á ghlaoch chun cás faoi mhí-iompar dalta atá tromchúiseach a phlé; go bhfuil Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ina leith agus, dá réir sin, go bhfuil práinn ag baint leis an scéal.

---

## **Cuid D ... Nósanna Imeachta maidir le Díbirt i GSCD**

### **1. Díbirt mar Chinneadh i leith Mí-iompair Tromchúisigh an Dalta**

1.1

Aithníonn an Bord Bainistíochta (an Bord) gur chéim fhíor-thromchúiseach í nuair a dhéantar dalta a Dhíbirt ó scoil agus ní dhéanfaidh GSCD é sin gan chúis fhíor-mhaith.

1.2

D'fhéadfadh mí-iompar a bheith mion, tromchúiseach nó oll-tromchúiseach – le smachtbhannaí (pionóis) agus iarmhairtí éagsúla dá réir. Uaidh sin, is léir gur mí-iompar oll-tromchúiseach, eisceachtúil, a bheadh i gceist in aon chás go bhfuil dalta le Díbirt ón nGaelscoil, mar is í sin an cinneadh is tromchúisí a d'fhéadfadh an Bord a ghlacadh i leith aon dalta. Maidir le Díbirt, ach go háirithe, ní mór é a bheith ina fhreagra comhréireach ar mhí-iompar an dalta. Úsáideann GSCD Díbirt go príomha mar mheicníocht chun leas agus cearta daoine *eile* i bpobal na Gaelscoile (daltaí, a dtuismitheoirí, agus baill fóirne) a chosaint agus a shuíomh.

### 1.3

Ní foláir mí-iompar oll-tromchúiseach a bheith ann chun dalta a Dhíbirt, ar nós:

- Bíonn drochthionchar suntasach buanseasmhach ag mí-iompar an dalta ar oideachas dalta(i) eile,
- Bhí drochthionchar tromchúiseach ag mí-iompar an dalta ar mheabhairshláinte dhalta eile,
- Is baol nó riosca sábháilteachta an dalta dó/di féin ar bhonn leanúnach,
- Tá baol nó riosca suntasach ann do shábháilteacht dhalta(i) eile nó do bhall foirne má fhanann sé/sí sa Ghaelscoil, fiú faoi réir coinníollacha áirithe,
- Tá an dalta freagrach as foréigean nó ionsaí iarbhír ar dhalta eile nó ar bhall foirne,
- Tá an dalta freagrach as ionsaí gnéasach ar dhalta eile nó ar bhall foirne,
- Tá bagairt tromchúiseach foréigin déanta aige/aici in aghaidh dalta nó ball foirne,
- Rinne an dalta líomhain thromchúiseach a bhí gan údar, nó míchuibhiúil, i leith dalta eile nó i leith ball foirne,
- Rinne an dalta dochar tromchúiseach do bhall éigin de phobal na Gaelscoile trí ghníomhaíocht ar an idirlíon,
- Tá an dalta freagrach as soláthar druga mídhleathach do dhalta nó d'aon pháiste eile,
- Tá an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do shealúchas na Gaelscoile nó do shealúchas duine eile de phobal na Gaelscoile.

## 2. An Tairseach i leith Díbeartha

### 2.1

Is í an cheist lárnach atá le réiteach ag an mBord Bainistíochta ná:

An éilfonn mí-iompar oll-tromchúiseach an dalta go nDíbreofaí é/í ón nGaelscoil, i bhfianaise na bhforálacha sa Chód Iompair seo, chun leas agus cearta daoine *eile* i bpobal na Gaelscoile (daltaí, a dtuismitheoirí, agus baill fóirne) a chosaint agus a shuíomh sa todhchaí?

### 2.2

Glactar leis go mbíonn na nithe seo a leanas (a thugann eolas breise comhthéacsúil) i gceist in aon chás Díbeartha agus tabharfar san áireamh iad i mbreithniú an Bhoird, ach ní ligfear dóibh *iontu féin* aon bhac a chur le cinneadh an Bhoird chun Díbeartha a chur i bhfeidhm, más é sin an cinneadh atá ar intinn ag an mBord tar éis dóibh an cás a bhreithnú go cúramach:

- an ceart bunreachtúil i leith bunoidreachais (a bhfuil dualgas ar an Stát a sholáthar don pháiste,
- go mb'fhéidir go mbeidh an Díbirt ag cur isteach ar leas oideachais an dalta é/í féin,
- go mb'fhéidir nach mbeidh oideachas trí Ghaeilge ar fáil don dalta i scoil nua,
- go mb'fhéidir go mbeidh deacracht ag na tuismitheoirí áit a fháil i mBunscoil áitiúil eile dó/di,
- go mothóidh sé/sí uaidh/uaithe a c(h)airde sa Ghaelscoil,
- go bhfuil siblíneach(-igh) eile aige/aici fós sa Ghaelscoil,
- go gcuirfidh sé as dó/di féin go mór a bheith Díbeartha ón nGaelscoil.

### **3. Nósanna Imeachta i leith Díbeartha – Bunaithe ar Ghnáthaimh Chóra agus ar Phrionsabail an Cheartais Aiceanta**

#### 3.1

Níos minice ná a mhalairt, tarlóidh sé go mbeidh Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm cheana féin ag an bPríomhoide nuair a thagann an cas faoi bhráid an Bhoird. Ar ndóigh, freisin, d'fhéadfadh cas buanseasmhach (faoin a raibh Fionraí curtha i bhfeidhm cheana féin) a bheith ag filleadh faoi bhráid an Bhoird le moladh ón bPríomhoide gur chóir Díbirt a bhreithniú ina leith anois. [Féach Cuid C, mír 8.]

#### 3.2

Má tharla eachtra tromchúiseach le déanaí, agus a d'fhéadfadh Díbirt a bheith á bhreithniú ina leith, ní foláir don Phríomhoide fiosrú sonrath (imscrúdú) a dhéanamh ar na fíricí agus na cúinsí uile a bhaineann leis agus, freisin, nach ndéanadh sí/sé aon chinneadh maidir le fírinne an scéil go dtí go gcríochnaíonn an fiosrú san. Ba chóir di/dó na tuismitheoirí a threorú chuig an Cód Iompair seo ar shuíomh gréasáin GSCD.

#### 3.3

Ba chóir don Phríomhoide dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird go luath chun í/é a chur ar an eolas faoin scéal agus aon chomhairle uaithe/uaidh a thabhairt san áireamh sa tasc. Ní foláir don Chathaoirleach leanacht i dteagmháil leis an bPríomhoide tríd an bpróiseas chun a chinntiú go leanann an Príomhoide na céimeanna go cúramach mar a leagtar amach sa Chód seo iad, go háirithe maidir le cóipeanna de na taifid ar fad a sholáthar dos na tuismitheoirí mar is cuí in am trátha agus chun aird a dhíriú ar chleachtas an Bhoird i leith folaithe (Féach Cuid C, mír 8), ach ní gá di/dó an fhianaise féin a bhreathnú nó a mheas.

#### 3.4

Má tá Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ag an bPríomhoide, ní mór don Chathaoirleach agus don Phríomhoide an tréimhse a mheas agus aon riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ann chun í sin a fhadú go dtí go mbeidh cruinniú ag an mBord. [Féach Cuid C, mír 4.3.]

#### 3.5

Tá cur chuige cuimsitheach don fhiosrú leagtha amach cheana féin, maidir le Fionraí, i gCuid C, míreanna 5, 7 & 8. Leanfar na céimeanna siúd a oiread agus is féidir anseo leis, le cúinsí an cháis á dtógáil san áireamh. Ní foláir, ámh, don Phríomhoide a shoiléiriú, i scríbhinn, ag a thús dos na tuismitheoirí go bhféadfadh Díbirt a bheith mar thoradh air agus go mb'fhéidir nach Fionraí amháin a bheadh i gceist. Míneoidh sí/sé freisin go bhfuil trí chéim ar leith sa phróiseas áirithe anseo: (i) fiosrú sonrath á reachtáil aici/aige féin, agus ina dhiaidh san, (ii) Tuairisc agus Moladh uaithe/uaidh ina leith chuig an Bord (Féach mír 4 thíos) agus, (iii) Cruinniú Speisialta den Bhord chun an cas a bhreithniú. Ní foláir go gcloítear le gnámhaimh chóra agus le prionsabail an cheartais aiceanta i gcónaí sa phróiseas ina iomláine.

#### 3.6

Sa chás go bhfuil an scéal spreagtha ag eachtra tromchúiseach ar leith a tharla le fíor-dhéanaí, ní mór don fhiosrú (imscrúdú) a bheith sonrath agus cuimsitheach mar go mbeidh an oiread sin ag braith air ó thaobh an dalta de. Chomh maith le sin, agus i

gcásanna eile leis – *cás buanseasmhach* (faoin a raibh Fionraí curtha i bhfeidhm cheana féin) a bheith ag filleadh faoi bhráid an Bhoird – beidh an Tuairisc ón bPríomhoide agus aon Mholadh uaithi/uaidh ag tógáil san áireamh na heachtraí eile a tharla roimhe sin, b'fhéidir thar bliana nó níos mó. Dá réir sin, ní foláir don Phríomhoide é sin a shoiléiriú dos na tuismitheoirí go luath sa phróiseas agus na taifid chúí uile a bhaineann leis na heachtraí úd a sholáthar dóibh in am trátha roimh an gcrúinniú leo.

3.7

I gcás go bhféadfadh Díbirt a bheith mar thoradh ar an bhfiosrú, tá sé riachtanach go mbeadh cruinniú sa Ghaelscoil leis na tuismitheoirí, agus a bpáiste i láthair freisin – más mian leis na tuismitheoirí é sin agus má tá sé oiriúnach. Is cuid den fhiosrú féin é an cruinniú san. [Féach Cuid C, mír 5.10, maidir le Fionraí.]

3.8

Scríobhfaidh an Príomhoide (nó ball foirne eile) nóta faoin gcrúinniú san agus seolfaidh sí/sé cóip chuig na tuismitheoirí gan mhoill tar éis an chruinnithe.

3.9

Muna bhfreastalaíonn na tuismitheoirí ar an gcrúinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu arís ag tairiscint coinne eile dóibh agus ag cur in iúl dóibh:

- cé chomh tromchúiseach is atá an scéal,
- gur cuid ríthábhachtach den fhiosrú (nach bhfuil críochnaithe) é an cruinniú féin,
- go bhféadfadh Díbirt ón nGaelscoil a bheith mar thoradh air,
- go bhfuil tabhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe,
- má theipeann orthu freastal ar chruinniú athsceidealaithe, go mbeidh uirthi/air féin bogadh ar aghaidh chun cinneadh a ghlacadh maidir le fírinne an scéil,
- go mbeidh uirthi/air bogadh ar aghaidh le Moladh a dhéanamh faoin gcás don Bhord,
- go bhfuil dualgas ar an mBord Bainistíochta cinneadh a ghlacadh faoin gcás ansin,
- má tá Fionraí i bhfeidhm faoi láthair, go leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí go mbeidh cruinniú ag an mBord.

#### **4. Tuairisc & Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta**

4.1

Nuair atá an cruinniú leis na tuismitheoirí thart (nó má theipeann orthu freastal air), tá críoch ansan leis an bhfiosrú agus scríobhfaidh an Príomhoide Tuairisc (foirmeálta) faoin gcás ina iomláine don Bhord.

4.2

Moltar don Phríomhoide an Tuairisc seo a scríobh i mBéarla le go dtuigfeadh na tuismitheoirí, agus aon chomhairleoirí acu, go héasca í.

4.3

Luaitear na gnéithe seo a leanas mar threoir don Phríomhoide maidir leis an Tuairisc:

- ní foláir don Phríomhoide í/é féin an Tuairisc áirithe seo a scríobh,
- an Tuairisc seo a bheith clóscríofa, clómhéid 12 nó 13,
- teideal soiléir (a mhíníonn cad atá ann) a chur ag barr an doiciméid,



- an lá agus an dáta a chur léi,
- imeall a fhágáil mórthimpeall an leathanaigh,
- uimhreacha a chur ar na leathanaigh agus gan scríobh ar an taobh tuathail,
- an Tuairisc a roinnt i gcúig chuid (Féach thíos),
- uimhreacha a chur ar na hailt (mar áis tagartha),
- go dtugtar ainm an dalta ina (h)iomláine (a luaitear an mí-iompar ina leith), agus amhlaidh maidir le hainmneacha a t(h)uismitheoirí,
- go dtugtar ainm aon mhúinteora / fhostaí ina (h)iomláine,
- *ach* go n-úsáidtear *cinnlitreacha* i leith ainm *aon dalta nó tuismitheoir eile* a luaitear sa doiciméad, mar shampla, SM (Seán Ó Murchú nó Síle Ní Mhurchú),
- ról gach duine a luaitear ann a shoiléiriú (múinteoir ranga, Cúntóir Riachtanas Speisialta, tuismitheoir, srl),
- ní foláir don Phríomhoide í a shíniú.

#### 4.4 Maidir le hÁbhar na Tuairisce:

##### An Chéad Chuid

- Déanfaidh an Príomhoide cur síos, in ord croineolach, ar na heachtraí éagsúla (a bhaineann le mí-iompar) a tharla sa Ghaelscoil maidir leis an dalta áirithe thar na blianta.
- Déanfar tagairt d'aon taifead cuí i leith gach eachtra, ceann ar cheann.
- Déanfar tagairt do thuiriscí scoile an dalta thar na blianta.
- Má bhí an cás faoi bhráid an Bhoird cheana, tabharfar eolas sonracha ina dtaobh sin.

##### An Dara Cuid

Maidir leis an eachtra tromchúiseach a tharla le déanaí, ní mór cuntas cuimsitheach soiléir ar gach a bhaineann leis a thabhairt – le tagairtí dos na taifid éagsúla a bhaineann leis, agus:

- Déanfaidh an Príomhoide cur síos ar na céimeanna uile a ghlac sí/sé, in ord croineolach, chun an fiosrú a dhéanamh – ag déanamh tagairt d'aon teagmháil a bhí aici/aige leis na tuismitheoirí lena linn.
- Déanfar tagairt d'aon réamhthuirisc a scríobh sí/sé go luath san fhiosrú.
- Déanfar tagairt don nóta a scríobh sí/sé faoin gcrúinniú a bhí aici/aige leis na tuismitheoirí.
- Déanfar tagairt d'aon fhreagra nó aighneacht ó na tuismitheoirí maidir leis an scéal.
- Déanfar achoimriú ar an gcomhfhreagras idir GSCD agus na Tuismitheoirí faoin scéal.
- Dearbhóidh an Príomhoide gur thug sí/sé cóipeanna des na doiciméid chuí dos na tuismitheoirí agus gur dhírigh sí/sé aird ar an dualgas atá orthu maidir le rúndacht ina leith siúd (Féach Cuid C, mír 8.5).
- Dearbhóidh an Príomhoide gur dhírigh sí/sé aird na dtuismitheoirí ar an gCód Iompair a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gaelscoile.

##### An Tríú Cuid

Clár (liosta) des na doiciméid uile sa chás (taifid, comhfhreagras, tuairiscí, nó eile) – iad á liostáil in ord croineolach agus leis na sonraí cuí seo maidir le gach ceann acu: dáta, teideal & údar.

### An Ceathrú Cuid

- Soiléireoidh an Príomhoide na fíricí a bhfuil cinneadh déanta aici/aige ina leith maidir leis an eachtra tromchúiseach is déanaí seo, is é sin: cé acu atá fíor, nó nach ea, ina t(h)uairim féin tar éis a c(h)uid fiosraithe.
- Díreoidh sí/sé aird ar na fíricí áirithe a raibh díospóid ann ina leith agus míneoidh sí/sé conas a réitigh sí/sé ar leagan amháin acu a ghlacadh mar an fhírinne.

### An Cúigiú Cuid ... Moladh an Príomhoide

Má tá an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an bhfiosrú atá déanta aici/aige, go bhfuil Díbirt tuillte i leith an dalta, cuirfidh sí/sé Moladh soiléir faoi bhráid an Bhoird Díbirt a bhreithniú sa chás nó, de rogha ar sin, tig léi/leis smachtbhanna (pionós) eile a mholadh ina áit.

Tig leis an bPríomhoide aon eolas sonrath eile atá cuí sa chomhthéacs áirithe seo a chur sa Tuairisc freisin, ach a hábharthacht a mhíniú.

#### 4.5

Seolfaidh an Príomhoide cóip den Tuairisc sin sa phost chuig na tuismitheoirí a luaithe agus is féidir. Míneoidh sí/sé freisin go mbeidh sí/sé i dteagmháil arís leo go luath maidir leis an mBord Bainistíochta a bheith ag breathnú ar an gcás anois. Díreoidh sí/sé a n-aird ar Chuid E den Chód Iompair seo – “An Cleachtas os comhair an Bhord Bainistíochta GSCD”.

## **5. Baill an Bhoird agus na Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gCruinniú**

### 5.1

Déanfaidh an Príomhoide (ag feidhmiú anois mar Runaí an Bhoird) nó an Cathaoirleach teagmháil le baill uile an Bhoird gan mhoill. Is leor a rá leo, go ginearálta, ag an bpointe seo go bhfuil Cruinniú Speisialta den Bhord á ghlaoch chun cás faoi mhí-iompar dalta atá tromchúiseach a phlé; go mbeidh Díbirt á bhreithniú sa chás; go bhfuil Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ina leith agus, dá réir sin, go bhfuil práinn ag baint leis an scéal.

### 5.2

A luaithe agus is féidir, scríobhfaidh an Príomhoide (ag feidhmiú anois mar Runaí an Bhoird) chuig na tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas maidir le dáta agus am na héisteachta (an Cruinniú Speisialta), agus chun cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht san. Míneofar dóibh leis an nós imeacta (cleachtas) sonrath atá beartaithe ag an mBord i leith an Chruinnithe, ach go mbeidh an Bord toilteanach a gcuid moltaí féin ina leith a thógáil ar bord más féidir é.

## **Cuid E ... An Cleachtas os comhair an Bhord Bainistíochta GSCD**

### **1. Cruinniú Éigeandála – (i leith Fionraí)**

Glaotar Cruinniú Éigeandála den Bhord Bainistíochta i gcás:

- (i) go bhfuil Achomharc á lorg ag tuismitheoirí maidir le Fionraí (nach mó ná trí lá é) atá beartaithe ag an bPríomhoide a chur i bhfeidhm (Féach Cuid C, mír 6.3),
- (ii) go bhfuil tréimhse Fhionraí níos faide ná trí lá á moladh ag an bPríomhoide ina T(h)uairisc chuig an mBord Bainistíochta (Féach Cuid C, mír 6.4),
- (iii) go bhfuil Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ag an bPríomhoide (Féach Cuid C, mír 4.3),
- (iv) go bhfuil treoir ón mBord Bainistíochta á lorg ag an bPríomhoide maidir le gné ar bith de chás a bhfuil sí/sé ag déileáil leis faoin gCód Iompair seo.

### **2. Cruinniú Speisialta – (i leith Díbeartha nó Smachtbhanna Thromchúisigh eile)**

Glaotar Cruinniú Speisialta den Bhord Bainistíochta i gcás:

- (i) go bhfuil Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ag an bPríomhoide agus go bhfuil Moladh uaithi/uaidh ina T(h)uairisc chuig an mBord Bainistíochta gur chóir Díbirt a bhreithniú ina leith (Féach Cuid D, mír 4.4),
- (ii) go bhfuil Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm ag an bPríomhoide agus go bhfuil moladh uaithi/uaidh ina T(h)uairisc chuig an mBord Bainistíochta gur chóir smachtbhanna (pionós) tromchúiseach eile (mar shampla: Fionraí fhada faoi réir coinníollacha áirithe) a bhreithniú ina leith (Féach Cuid D, mír 4.4),
- (iii) go bhfuil cás buanseasmhach (faoin a raibh Fionraí curtha i bhfeidhm cheana féin) a bheith ag filleadh faoi bhráid an Bhoird le moladh ón bPríomhoide gur chóir Díbirt a bhreithniú ina leith anois (Féach Cuid D, mír 3.1).

### **3. Leanann an Fhionraí Láithreach san Idirlinn**

3.1

Má tá Fionraí Láithreach curtha i bhfeidhm, leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí go mbeidh Cruinniú ag an mBord. [Féach Cuid C, mír 4.3 agus Cuid D, mír 3.4, agus Cuid E, mír 6.1 thíos.]

3.2

D'fhéadfadh an Bord, ag Cruinniú Éigeandála, tréimhse Fhionraí a fhadú san idirlinn go dtí an Cruinniú Speisialta (i gcás nuair a d'fhéadfadh go mbeidh Díbirt nó tréimhse fhada Fhionraí i gceist), ach go háirithe chun deis chuí a thabhairt do na tuismitheoirí chun ullmhú roimh an gCruinniú Speisialta ina leith. D'fhéadfadh sé tarlú leis go mbeadh comhairle dlí á lorg (ar aon taobh) – rud a chuirfeadh moill breise ar an bpróiseas agus go leanfadh an Fhionraí i bhfeidhm san idirlinn. [Féach Cuid C, mír 4.4.]

#### 4. Rúnaí an Bhoird - (An Príomhoide)

##### 4.1

Tá an Príomhoide anois ag feidhmiú mar Runaí an Bhoird (ról nua aici/aige). Glacann sí/sé le gach comhfhreagras a thagann isteach don Bhord agus ní foláir di/dó gach ceann acu a chur faoi bhráid na mball roimh/ag cruinniú. Scríobhann sí/sé na miontuairiscí le linn na gcrúinnithe den Bhord.

##### 4.2

Nuair atá tuismitheoirí ag iarraidh litir (nó ríomhphost, srl) a chur faoi bhráid an Bhoird, ní mór í a sheoladh mar seo: “Rúnaí an Bhord Bainistíochta, Gaelscoil Chill Dara, An Bóthar Glas, An Currach, Co Chill Dara.”. *Ní chóir*, riamh, dul i dteagmháil go díreach le haon bhall den Bhord, an bheirt ionadaí ó tuismitheoirí na Gaelscoile san áireamh. Tá cosc iomlán ar gach ball den Bhord aon ghné d’aon chás a phlé lasmuigh de chruinniú den Bhord. Amhlaidh, ní ceadmhach dóibh aon chomhairle nó moladh a thabhairt do tuismitheoirí maidir le haon chás.

##### 4.3

Déanann an Rúnaí teagmháil le baill uile an Bhoird, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, nuair atá Cruinniú le heagrú, chun iad a chur ar an eolas faoi ábhar an Chruinnithe agus chun dáta cuí a shocrú mar a oireann dóibh, a oiread agus is féidir. Cuireann sí/sé an dáta agus am an Chruinnithe san in iúl dos na tuismitheoirí gan aon mhoill maraon le cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht. Míneoidh sí/sé dóibh an nós imeacta (cleachtas) sonracha atá beartaithe ag an mBord i leith an Chruinnithe, ach go mbeidh an Bord toilteanach a gcuid moltaí féin ina leith a thógáil ar bord más féidir é.

##### 4.4

Tá cúram ar leith ar Rúnaí an Bhoird (an Príomhoide) maidir le cóipeanna de gach doiciméad cuí (tar éis forálacha *RGCS* a thógáil san áireamh) a sholáthar dos na tuismitheoirí in am trátha roimh an gCruinniú, mar aon le Clár (liosta) díobh uile. Féach, mar shampla: Cuid C (Fionraí), míreanna 5.2, 5.7, 5.8, 6.2 & 7 agus Cuid D (Díbirt), mír 4.5.

##### 4.5

Cuirfidh an Rúnaí cóipeanna des na doiciméid éagsúla (taifid, comhfhreagras, Tuairisc an Phríomhoide, srl) le chéile, in ord croineolach, mar aon le Clár (liosta) díobh ag a thús, i leabhrán néata. Ní mór di/dó cóip den Leabhrán Doiciméad seo a scaipeadh ar bhaill uile an Bhoird *agus* ar na tuismitheoirí tríd an bpost in am trátha roimh lá an Chruinnithe le go mbeidh deis chuí ag gach duine iad a léamh go cúramach roimh ré.

##### 4.6

Tar éis di/dó an Leabhrán Doiciméad sin a scaipeadh, níor chóir glacadh le haon ghlaoteileafóin (nó comhrá a bheith aici/aige) a d’fhéadfadh eolas / fíricí breise a chur faoina b(h)ráid *ó bhéal*, ach tig léi/leis glacadh le ríomhphost nó litir (le heolas breise dá leithéid). Ní foláir míniú soiléir a bheith sonrath ann, freisin, ar an gcúis nach bhféadfadh an t-eolas breise seo a bheith tugtha don Ghaelscoil roimhe sin – gné a thabharfaidh an Cathaoirleach san áireamh agus í/é á mheas. [Féach mír 8.3 thíos.]

## 5. Cathaoirleach an Bhoird

### 5.1

Déanann an Príomhoide teagmháil leis an gCathaoirleach gan mhoill nuair atá Fionraí Láithreach á cur i bhfeidhm aici/aige. Cuireann an Cathaoirleach comhairle uirthi/air maidir leis na céimeanna cuí (mar a leagtar amach sa Chód seo iad) atá le glacadh agus tugann sí/sé cead, más gá, chun chur leis an tréimhse Fhionraí san idirlinn go dtí go reachtálfar Cruinniú Éigeandála den Bhord. [Féach Cuid C, mír 4.3 agus Cuid D, míreanna 3.3 & 3.4 agus Cuid E, mír 3.1 thuas.]

### 5.2

Sásóidh an Cathaoirleach í/é féin go bhfuil na forálacha atá leagtha amach sa Chód seo á leanúint ag an bPríomhoide, go háirithe maidir le cóipeanna des na doiciméid ar fad a sholáthar dos na tuismitheoirí mar is cuí in am trátha agus, freisin, chun aird a dhíriú ar chleachtas an Bhoird i leith folaithe (Féach Cuid D, mír 3.3.). Cinnteoidh sí/sé freisin go bhfuil cóip den Leabhrán Doiciméad tugtha dos na tuismitheoirí agus do bhaill an Bhoird in am trátha roimh lá an Chruinnithe le go mbeidh dóthain ama acu iad a léamh go cúramach sa bhaile.

### 5.3

Beidh an Cathaoirleach i bhfeighil an Chruinnithe nuair a éistfear an cás ina iomláine. Ní mór di/dó a chinntiú ag a thús nach bhfuil aon pháirt ag éinne, a bhí bainteach le tosca an cháis, le plé agus breithniúcháin an Bhoird ina leith (mar shampla, ball den Bhord a rinne gearán i gcoinne an dalta cheana féin nó ball a bhí páirteach (go gníomhach) san fhiosrú, an Príomhoide féin san áireamh, srl). [Féach Cuid C, mír 5.4, leis.]

## 6. Dlíodóir ag na Tuismitheoirí

### 6.1

Tá de cheart ag tuismitheoirí Dlíodóir a úsáid chun feidhmiú ar a son nuair atá siad ag déileáil le GSCD, ach go háirithe nuair atá cás a bpáiste féin ag teacht faoi bhráid an Bhoird.

### 6.2

Ní foláir don Dlíodóir san, ámh, a shoiléiriú *ón tús* go bhfuil sí/sé ag gníomhú thar cheann na beirte tuismitheoirí sa chás, *nó nach ea*. Tá dualgas ar GSCD a chinntiú go bhfuil an Bord féin ag déileáil leis an mbeirt tuismitheoirí má fhaightear litir ó Dhlíodóir a thosaíonn le habairt éigin mar: “Táimid ag gníomhú thar cheann (ainm tuismitheora amháin luaite) agus a p(h)áiste ...”. Ní fhreagróidh an Bord ábhar na litreach dá short go dtí go bhfaigheann siad litir eile ón Dlíodóir a shoiléiríonn an t-eolas sonrach seo. Más gá, déanfaidh an Bord iarrachtaí eile dul i dteagmháil leis an tuismitheoir eile (nach bhfuil luaite sa litir ón Dlíodóir) chun a c(h)earta féin a shuíomh chomh fada agus is féidir.

## 7. Comhdhéanamh an Bhoird

7.1

Tá ochtar ball ar an mBord: An Cathaoirleach, an Príomhoide, beirt tuismitheoirí (athair & máthair), múinteoir eile ón nGaelscoil, ionadaí ainmnithe ag an bPátrún agus beirt ó phobal na háite. Feidhmíonn an Príomhoide mar Rúnaí don Bhord.

7.2

Déanann an Bord a chuid oibre trí Ghaeilge de ghnáth ach déileálfar le haon chás trí Bhéarla, agus reachtálfar an Cruinniú Éigeandála nó an Cruinniú Speisialta amhlaidh, más é sin toil na dtuismitheoirí. Cuirfear aistriúchán i mBéarla ar fáil dos na tuismitheoirí de gach doiciméad a bhaineann leis an gcás, miontuairiscí an Chruinnithe san áireamh.

7.3

Ní mór cúigear ball, ar a laghad, a bheith i láthair (mar córam) ag cruinniú den Bhord. Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh gá, i gcás eisceachtúil, leas a bhaint as glao comhdhála chun cruinniú den Bhord a éascú (maidir leis an gcóram cuí a bheith ann).

## **8. Nós Imeachta i leith Cruinniú Éigeandála – mír 1(i) & 1(ii) ... (Fionraí)**

8.1

Nuair a thagann Achomharc faoi bhráid an Bhoird, is éisteacht as an nua (*de novo*) a bheidh ann. Maidir leis an smachtbhanna (pionós) áirithe atá i gceist in aon chás a thagann faoi bhráid an Bhoird mar Achomharc, d'fhéadfadh an Bord, tar éis an cás a éisteacht is a mheas:

(a) é a dhearbhú, nó (b) é a chealú, nó (c) é a laghdú, nó (d) é a mhéadú, nó (e) ceann éagsúil eile ar fad a chur ina áit.

8.2

- Beidh leabhrán leis na doiciméid chuí iomlán faoin gcás faighte cheana féin ag gach ball den Bhord (Féach mír 4.5 thuas) agus is iad siúd amháin a bheidh faoi bhráid an Chruinnithe mar eolas ar an gcás.
- Beidh tábhacht ar leith ag baint le Tuairisc an Phríomhoide, agus aon Mholadh uaithe/uaidh atá inti, mar aon le haon fhreagra (i scríbhinn) ó na tuismitheoirí.
- Ní thabharfar aon deis don Phríomhoide breis eolais (thar an méid atá ráite sna doiciméid siúd) a thabhairt ó bhéal ag an gCruinniú.

8.3

Déanfaidh an Cathaoirleach cinneadh maidir le haon doiciméad breise (*i.e.* a tháinig déanach chuig an mBord) a cheadú, nó a mhalairt, don éisteacht. Ní mór di/dó, ámh, a bheith fíor-aireach faoi na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann (ina measc, maidir le gnáthaimh chóra má tá aon líomhain nua á ardú) dá leathnófaí amach bunábhar na héisteachta féin ón méid atá ar thairfead cheana féin sa Leabhrán Doiciméad. [Féach mír 4.6 thuas, leis.]

8.4

Tabharfar deis dos na tuismitheoirí a bheith i láthair agus, freisin, deis freagartha ó bhéal a bheith acu (agus aighneacht scríofa uathu, leis) más Achomharc nó cás ina bhfuil tréimhse Fhionraí níos faide ná trí lá i gceist (Féach mír 1 (i) & (ii) thuas). Is

deis dóibh é, leis, chun cás a dhéanamh ar son smachtbhanna (pionós) níos lú a chur i bhfeidhm.

8.5

Freagróidh an Príomhoide aon cheisteanna a chuirtear uirthi/air faoin gcás, faoi mar atá taifead déanta air sna doiciméid éagsúla.

8.6

I réachtáil na héisteachta, caithfidh an Cathaoirleach agus na baill eile a bheith cúramach *go bhfuil an Bord féin neamhchlaonta amhail idir an Príomhoide agus an dalta*. Tar éis an cur i láthair agus an fhreagairt úd, fágfaidh an Príomhoide agus na tuismitheoirí an Cruinniú. Déanfaidh na baill eile plé ar an gcás agus cinneadh ina leith.

8.7

Eagróidh an Cathaoirleach duine éigin (ball den Bhord, nó eile), in áit an Phríomhoide, chun na miontuairiscí den éisteacht a ghlacadh agus seolfar cóip (den chuid sin den Chruinniú ag a raibh na tuismitheoirí i láthair) chuig na tuismitheoirí gan mhoill.

8.8

I litir *ón gCathaoirleach* chuig na tuismitheoirí tar éis an Chruinnithe:

- Ag tús na litreach, cuirfidh an Cathaoirleach i gcuimhne dos na tuismitheoirí go bhfuil gach comhfhreagras ón mBord faoi rún agus gur chóir dóibh é sin a chinntiú chomh maith. [Féach freisin Cuid C, mír 8.5.]
- Déanfar tagairt don Chód Iompair seo.
- Soiléireoidh an Bord na fíricí lárnacha atá mar bhunús dá chinneadh.
- Díreoidh an Bord aird ar na fíricí áirithe a raibh díospóid ann ina leith agus míneofar an fáth gur réitigh an Bord ar leagan amháin acu a ghlacadh mar an fhírinne.
- Tabharfar cinneadh an Bhoird agus míneofar an fáth atá leis.
- Má tá coinníollacha áirithe á gcur i bhfeidhm leis, míneofar anseo iad.
- Míneofar aon chéimeanna eile atá le glacadh anois.

8.9

De ghnáth, níor chóir don Bhord dul thar uasteorainn deich lá le tréimhse amháin Fionraí ar bith. Nuair a bhíonn dalta curtha ar Fionraí ar feadh tréimhse a thabharfadh iomlán na Fionraí air/uirthi go 20 lá scoile sa scoilbhliain reatha, tá ceart ag na tuismitheoirí ar Achomharc faoi *alt 29 den Act Oideachais 1998*, arna leasú ag an *Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007*, a lorg ón Roinn Oideachais & Scileanna. Tabharfar an gnáthfhoirm, trína ndéantar an tAchomharc san, dos na tuismitheoirí, má thagann san i gceist.

## **9. Nós Imeachta i leith Cruinniú Éigeandála – mír 1(iii) & 1(iv) ... (Treoir)**

I gcás mír 1 (iii) & (iv) thuas, fanfaidh an Príomhoide i láthair agus déanfar plé ar an gcás. Ní mór di/dó Tuairisc (scríofa) ar an gceist atá le plé acu a sholáthar do bhaill an Bhoird. Is ise/eisean a ghlacfaidh na miontuairiscí. Tabharfaidh an Bord pé treoir di/dó a shíleann siad a bheith oiriúnach chun na forálacha sa Chód seo a chur i bhfeidhm.

## 10. Tuismitheoirí d'aon Dalta eile

Nuair a scríobhann tuismitheoir chuig GSCD maidir le mí-iompar dalta eile sa Ghaelscoil, tabharfar an méid sin san áireamh nuair atá an Bord ag déileáil leis an gcás, ach ní thabharfar cead dóibh a bheith i láthair ag an gCruinniú féin. [Féach Cuid B, mír 6 agus Cuid C, mír 5.7, freisin.] Scríobhfaidh an Bord freagra chucu i ndiaidh an Chruinnithe chun aiseolas teoranta (de réir forálacha *RGCS*) a sholáthar dóibh.

## 11. Nós Imeachta i leith Cruinniú Speisialta – (Díbirt nó Smachtbhanna Tromchúiseach eile)

### 11.1

An cur chuige céanna is atá leagtha amach i mír 8.1-7 thuas i leith Cruinniú Éigeandála.

### 11.2

Tig leis na tuismitheoirí freagra/aighneacht a chur i scríbhinn chuig an Príomhoide

roimh ré agus ba mhór an chabhair do bhaill an Bhoird dá mbeadh sé sin acu in am trátha chun a dtaobh siúd a mheas go cúramach. Ar ndóigh, tig leo a leithéid a thabhairt ó bhéal le linn an Chruinnithe féin freisin nuair a bheidh an cás á éisteacht. Is deis dóibh é, leis, chun cás a dhéanamh ar son smachtbhanna (pionós) níos lú a chur i bhfeidhm.

### 11.3

Beidh deacrachtaí ann chun baill uile an Bhoird a eagrú faoi phráinn le bheith ar fáil ar an oíche chéanna don Chruinniú. Ba chóir dos na tuismitheoirí scéal a chur chuig an Príomhoide a luaithe agus is féidir má tá deacracht acu féin le haon dáta ar leith, sula socraítear oíche don Chruinniú (éisteacht) san.

### 11.4

Tig leis na tuismitheoirí duine/daoine oiriúnach(a) eile a thabhairt leo chuig an Cruinniú (ar nós Dlíodóra, duine muinteartha mar thacaíocht, srl). Mar sin féin, ní foláir an Bord a chur ar an eolas roimh ré, i scríbhinn, faoi ainm(neacha) aon duine dá leithéid agus an ról a bheidh acu ag an gCruinniú.

### 11.5

I litir *ón gCathaoirleach* chuig na tuismitheoirí tar éis an Chruinnithe:

- Ag tús na litreach, cuirfidh an Cathaoirleach i gcuimhne dos na tuismitheoirí go bhfuil gach comhfhreagras ón mBord faoi rún agus gur chóir dóibh é sin a chinntiú chomh maith. [Féach freisin Cuid C, mír 8.5.]
- Déanfar tagairt don Chód Iompair seo.
- Soiléireoidh an Bord na fíricí lárnacha atá mar bhunús dá chinneadh.
- Díreoidh an Bord aird ar na fíricí áirithe a raibh díospóid ann ina leith agus míneofar an fáth gur réitigh an Bord ar leagan amháin acu a ghlacadh mar an fhírinne.
- Más é cinneadh an Bhoird ná Fionraí fhada faoi réir coinníollacha áirithe a chur i bhfeidhm, míneofar anseo iad agus tabharfar eolas ar aon chéimeanna eile atá le glacadh anois.
- Más é cinneadh an Bhoird chun an dalta a Dhíbirt, míneofar sa litir na fáthanna gur



chinn an Bord nach mbeadh smachtbhanna (pionós) eile oiriúnach sa chás áirithe seo (mar shampla, Fionraí fhada faoi réir coinníollacha áirithe).

- Míneofar na céimeanna eile atá le teacht anois sa phróiseas agus, go háirithe, an leanfaidh aon Fhionraí i bhfeidhm san idirlinn, nó nach ea.

#### 11.6

Ní foláir don Chathaoirleach an litir áirithe seo a chur sa phost í/é féin go pearsanta, is é sin, gan í a fhágáil le duine eile le déanamh. Freisin, ba dhea-chleachtas é an admháil ó Oifig an Phoist a ghreamú ar an taobh tuathail den leathanach deiridh – dá c(h)óip féin – mar aon leis an lá agus an t-am a bhreacadh ann agus a s(h)íniú a chur leis ansan.

## 12. Beartha i ndiaidh na hÉisteachta i leith Díbeartha

### 12.1

Tabharfaidh an Bord fógra don *Oifigeach Leasa Oideachais*, i scríbhinn, maidir leis an gcinneadh chun Díbeartha agus na cúiseanna atá leis gan aon mhoill. Tabharfar cóip den Chód Iompair seo di/dó freisin. Seolfar cóip den bhfógra sin chuig na tuismitheoirí chomh maith.

### 12.2

Ní féidir dalta a Dhíbirt go dtí go bhfuil 20 lá scoile caite ón uair a bhfaigheann *an tOifigeach Leasa Oideachais* an fógra san. Dá réir sin, fanfaidh an dalta mar bhall den Ghaelscoil cé go bhféadfadh sí/sé a bheith fós ar Fionraí san idirlinn.

### 12.3

Glacfaidh *an tOifigeach Leasa Oideachais* céimeanna éagsúla, ag dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus an Ghaelscoil, féachaint an bhféadfaí teacht ar réiteach eile ar an gcás le gur féidir leis an dalta leanúint air/uirthi lena c(h)uid oideachais sa Ghaelscoil nó i scoil eile. D'fhéadfadh aontú, faoi idirghabháil eile a chabhródh le Díbirt a sheachaint, a bheith mar thoradh ar na comhairliúcháin seo. Freisin, d'fhéadfadh an comhairliúchán breathnú ar fhéidearthachtaí oideachasúla eile don dalta sa todhcháí.

### 12.4

Cuirfear an comhfhreagras ón *Oifigeach Leasa Oideachais* (mar aon le haon tuairimí is moltaí scríofa uaithi/uaidh) faoi bhráid an Bhoird.

### 12.5

Nuair a bhíonn an 20 lá scoile tar éis an fógra thuas a bheith ag *an Oifigeach Leasa Oideachais* caite, agus má tá an Bord fós den tuairim, ag Cruinniú eile (Féach mír 7.3 thuas), gur cheart an dalta a Dhíbirt, déanfaidh an Bord dearbhú foirmeálta ar an gcinneadh chun an dalta a Dhíbirt ó GSCD. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas láithreach, i scríbhinn, agus bogfaidh an Díbirt ar aghaidh ansin.

### 12.6

Tabhairfidh an Cathaoirleach treoir do bhaill an Bhoird maidir leis an Leabhrán Doiciméad a thabhairt ar ais don Phríomhoide, nó maidir len é a scrios go cúramach – ach coimeádfaidh gach ball cóip den Chlár (liosta) des na doiciméid a bhí ann mar thaifead dóibh féin ar an méid a cuireadh faoina mbráid sa chás. Tig leo a gcuid nótaí

féin a choimeád freisin, go deo. Ní gá an chéim seo a chomhlíonadh go dtí go bhfuil deireadh le haon Achomharc sa chás, má tharlaíonn ceann.

### **13. Achomharc chuig An Roinn Oideachais & Scileanna – i gcás Díbeartha**

13.1

Ní foláir don Bhord na tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart Achomhairc faoi *alt 29 den Act Oideachais 1998*, arna leasú ag an *Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007*, a lorg ón Roinn Oideachais & Scileanna. Tabharfaidh an Bord an gnáthfhoirm iarratais, trína ndéantar an tAchomharc san, dos na tuismitheoirí.

13.2

Fanfaidh an dalta mar bhall de GSCD, cé go bhféadfadh sí/sé a bheith fós ar Fionraí, san idirlinn.

### **14. Iarnótaí**

14.1

Feidhmeoidh an Cód Iompair seo mar threoir thábhachtach d'fhoireann na Gaelscoile nuair atá siad ag déileáil le cás ar bith. Glacann an Bord leis go bhféadfadh sé tarlú i gcás áirithe nach gcuirfear gach céim i bhfeidhm, nó nach gcuirfear céimeanna i bhfeidhm in iomláine mar a leagtar amach anseo iad sa Chód Iompair seo.

14.2

Má tá aon rud doiléir nó éiginnte sa pholasaí seo, déanfaidh an Bord Bainistíochta atá ann ag an am cinneadh ina leith.

14.3

Ní fhéadfadh polasaí ar bith gach cúinse nua (a d'fhéadfadh teacht chun cinn fós sa todhchaí) a chlúdach go cruinn díreach. Úsáidfear an Cód seo, faoi mar atá sé scríofa sa bhliain 2021, mar threoir don Bhord agus é ag déileáil le cás den sórt sin, má tharlaíonn a leithéid i GSCD.

---

---

Glacadh leis an bpolasaí leasaithe seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta i mí an Mheithimh 2021. Tagann sé i bhfeidhm in áit an *An Cód Iompair* a bhí ann roimhe sin. Síníodh é cúpla lá i ndiaidh na cruinnithe san (chun mion-athruithe deiridh a thabhairt san áireamh) thar cheann an Bhoird:

Cathaoirleach: Colm Ó Gógáin



Síniú: \_\_\_\_\_

Príomhoide: Niamh Uí Chadhla



Síniú: \_\_\_\_\_

*Notaí:*

Cuirtear polasaithe uile de chuid Ghaelscoil Chill Dara trí phróiseas athbhreithnithe is leasaithe ó am go chéile. Téitear i gcomhairle le Comhairle na dTuismitheoirí agus an fhoireann mhúinteoirí sa phróiseas seo sula nglactar go críochnúil le haon pholasáí nua ag an mBord Bainistíochta. Fáilteofar roimh moltaí i leith aon cheann de pholasaithe na Gaelscoile ag aon am ó aon duine a bhfuil spéis aige/aici ann, ach iad a chur i scríbhinn chuig an Príomhoide. Tá na polasaithe, mar a sheasann siad faoi láthair, ar fáil i nGaelige agus Béarla ar shuíomh gréasáin na Gaelscoile: [www.gaelscoilchilldara.com](http://www.gaelscoilchilldara.com). Freisin, is féidir le tuismitheoir cóip phriontáilte a bhailiú ag oifig na Gaelscoile, ma's mian leo san.

Scríobhtar polasaithe uile de chuid na Gaelscoile i nGaeilge agus i mBéarla. Sa chás go n-aimseofaí éagsúlacht idir an dá leagan de aon pholasáí tig le tuismitheoir, srl, braith ar a rogha de cheachtar leagan sa mhéid is go bhfuil sé níos tairbhí dá bpáiste nó dóibh féin go ginearálta. Reachtálann an Bord a chuid cruinnithe trí Ghaeilge ach déileálfar le haon ábhar trí Ghaeilge nó Béarla mar is toil le haon tuismitheoir nó aon duine eile.

---

---